

Bord Oiliúna agus Oideachais an Longfoirt agus na hIarmhí

Tuarascáil Bhliantúil 2020

Clár an Ábhair

Clár an Ábhair	2
Réamhrá ón bPríomhfheidhmeannach	3
Bord Oiliúna agus Oideachais an Longfoirt agus na hIarmhí	4
- Aitheasc an Chathaoirligh	4
- Feidhmeanna Bhord BOOLI Board	5
- Ráiteas faoi Fhreagracht an Bhoird	5
- Comhaltaí Boird BOOLI Eanáir - Nollaig 2020	6
- An Coiste Inniúcháireachta & Baoil: Comhaltaí & Dátaí Cruinnithe	7
- An Coiste Airgeadais: Comhaltaí & Dátaí Cruinnithe	8
Bord Oiliúna agus Oideachais an Longfoirt agus na hIarmhí	9
- Staitisticí Príomhthábhachta	9
- Tuarascáil faoi Éifeachtúlacht Fuinnimh	10
- Ionaid Sheirbhísí BOOLI	11
- Cairt Eagrúcháin BOOLI	13
- Aisling, Misean, Luachanna agus Spriocanna Straitéise BOOLI	14
Tuarascáil 2020 - Scoileanna	16
Tuarascáil 2020 - Seirbhísí Ógra	32
Tuarascáil 2020 - Music Generation	35
Tuarascáil 2020 - Breisoideachas agus Oiliúint (BOO)	38
Tuarascáil 2020 - Tacaíocht agus Forbairt Eagrúcháin (TFE)	46
Ráitis Airgeadais	50
Aguisín 1 BOOLI Comhaltaí Boird Freastal ar Chruinnithe	52
Aguisín 2 BOOLI Comhaltaí Coiste Freastal ar Chruinnithe	53



Réamhrá an Phríomhfheidhmeannaigh

An Dr Christy Duffy, Príomh-Fheidhmeannach BOOLI

Déantar Tuarascáil Bhliantúil BOOLI a leagan amach sa chaoi is go dtugtar cuntas imlíneach ar an dul chun cinn maidir le spriocanna a leagtar amach sa Ráiteas Straitéise 5 bhliana agus an Plean Seirbhíse bliantúil a thabhairt i gcrích le bliain anuas. Leantar leis sin mar nós i dTuarascáil Bhliantúil 2020 ach is tuarascáil faoi leith í ó tharla nach bhfuil plean ar bith lena ndéanfaí soláthar roimh ré don bhliain a fhanfaidh faoin ainm bliain COVID-19 i gcuimhne na ndaoine. Ní fhéadfaí leis an ráiteas misin, na luachanna ná na spriocanna a leagadh amach doneagraíocht sa phlean cúig bhliana ullmhú don athrú ó bhonn a tháinig sa bhliain 2020 ar shaol agus ar obair an uile dhuine againn, sa BOO agus sa tír ar fad.

Ní mór sin a thabhairt san áireamh in aon iarracht a dhéantar feidhmíocht BOOLI agus a fheabhas a cruthaíodh maidir leis na príomhspríocanna a mheas. Is ábhar mór suntais nach é amháin gur éirigh linn cuid mhór dá raibh leagtha amach agus socraithe mar spriocanna a bhaint amach ach gur éirigh linn go leor sa bhreis air sin a dhéanamh freisin. Éacht le háireamh ab ea leanúnachas gnó a chinntiú i rith na bliana 2020. D'éirigh linn sin a dhéanamh i rith na paidéimétrí dhul go mór i muinín scileanna, acmhainní agus cumas na ndaoine aonair ar an bhfoireann agus an Bhoird Oideachais agus Oiliúna, ag fónamh lena chinntiú go mbíonn tús áite ag riachtanais an fhoghlaiméora maidir leis an obair uilig a dhéantar.

D'éirigh linn oibriú ar bhonn cianoibre ar bhealach nach bhféadfaí a fheiceáil romhainn bliain ó shin. Chuaigh na scoileanna in oiriúint don chianfhoghlaim agus cinntíodh béim ar leas na ndaltaí inár gcuid smaointeoireachta agus inár gcuid beartaíochta. Athraíodh go dtí modhanna nua measúnóireachta maidir leis na seirbhísí BOO, go háirithe maidir le printísigh agus oiliúnóirí, chomh maith le modhanna nua caidrimh leis an réimse leathan foghlaiméoirí a ndéantar fónamh dóibh. Rinne foireann na Ceannoifige cianobair ag cinntiú gur íocadh gach ball foirne agus gach creidiúnaí agus athraíodh go dtí cianchruinnithe agallaimh, ceann de líon mór athruithe ar ghnáis oibre na heagraíochta. Lean an fhoireann obair ógra den obair taca maidir le seirbhísí ógra sa réigiún agus, ní is iontach, seoladh an chéad chlár imeachtaí riamh de chuid togra nua Music Generation sa Longfort.

A bhuíochas d'fhoireann iontach BOOLI sin uilig, daoine a d'oibrigh ar leibhéal gairmiúlachta agus dúthrachta dochreidte. Ba mhaith liom freisin obair bhord BOOLI a mholadh, an chéad bhliain iomlán ag comhaltaí an bhoird seo a lean den obair maoirseachta agus tacaíochta agus a chuaigh in oiriúint do mhodh nua na gcianchruinnithe. Beidh bliain COVID á lua léi ach ba mhaith liom a mheas go mbeifear ag féachaint siar ar an mbliain 2020 agus gurb é a thiocfaidh chun cuimhne bliain ina raibh tréithe na luathbheartaíochta, na hiléagsúlachta agus na nuálaíochta á gceapadh le BOOLI.

Christy Duffy
Príomh-Fheidhmeannach BOOLI



Bord Oiliúna agus Oideachais an Longfoirt agus na hIarmhí

Aitheasc an Chathaoirligh

Is í an phríomhtheachtaireacht atá agam don Phríomhfheidhmeannach, an Dr Christy Duffy, don fhoireann bainistíochta, don fhoireann riaracháin agus don fhoireann teagaisc maidir leis an mbliain 2020 - GO RAIBH MAITH AGAIBH. Tráth seo na géarchéime, déanann sibh níos mó ná a bheadh de dhualgas oraibh ag coinneáil oideachas agus oiliúint ar shárchaighdeán ar fáil in earnáil na hiarbhunscolaíochta agus in earnáil an Bhreiseoideachais agus na hOiliúna (BOO).

Níor chuir paindéim sláinte poiblí COVID-19 bac ar an gcur chuige sárghairmiúil atá agaibh maidir le hoideachas agus oiliúint a chur ar fáil. Is eiseamláireach an beart atá á dhéanamh ag gach duine den fhoireann agus is mian liom an deis seo a thapú mo chuid mórbhuíochais a chur in iúl don uile dhuine agaibh.

Mar is eol daoibh, leagtar sainchúram leathan ar BOOLI mar eagraíocht reachtúil atá freagrach as Scoileanna Iarbhunscolaíochta, Seirbhísí Óige agus seirbhísí BOO in dháchontae. Is den tábhacht don Bhord go mbeadh na polasaithe agus na straitéisí cuí ar fad i bhfeidhm againn ionas go gcuirtear na deiseanna oideachais is fearr ar fáil do na daltaí. Tá de mhórchúram orainn freisin a chinntiú go bhfuil na scoileanna agus na hoifigí ar angcaighdeán is airde d'fhonn riachtanais na ndaltaí agus na foirne a shásamh.

Fiú agus sinn ag fulaingt paindéim sláinte poiblí, tá feabhas leanúnach ar scileanna acadúlachta, spóirt agus ceoil na ndaltaí le bliain anuas. Tá sin freisin le cur i leith dhúthracht agus chaighdeán oideachais an lucht teagaisc. Is teist an t-éileamh breise ar an tseirbhís BOO ar shárobair fhoireann na seirbhíse sin i mbun cúrsaí nua a chur ar fáil do na foghlaimoirí lena sásaítear riachtanais na bhfostóirí.

Is ábhar díomá dom gur tháinig chugam le gairid litir ón Dr Christy Duffy á chur in iúl gobhfuil sé ag éirí as a phost le BOOLI agus ag glacadh le post an Phríomhfheidhmeannaigh le BOOCBÁC. Tá sárobair déanta, bliain i ndiaidh bliana, ag Christy ina Phríomhfheidhmeannach agus is mór an cúnamh a thug sé don uile chuid den eagraíocht maidir le hoideachas agus oiliúint a chur ar fáil. Is mian liom an deis seo a thapú chun buíochas ó chroí a chur in iúl do Christy, thar ceann an Bhoird agus an uile dhuine d'fhoireann BOOLI, agus gach rath a ghuí air sa saol atá amach roimhe.

Ba mhaith liom buíochas ó chroí a chur in iúl freisin do chomhaltaí reatha an Bhoird a oibríonn go díograiseach agus go dúthrachtach chun na deiseanna oideachais is fearr a chur ar fáil don lucht foghlama ar fad taobh istigh d'eagraíocht BOOLI.

Mar fhocal scoir, impím ar an uile dhuine cloí leis na treoirínte sláinte poiblí agus fanacht slán agus sinn ag cur in aghaidh na paindéime.

A handwritten signature in black ink that reads "Frankie Keena". The signature is written in a cursive, flowing style.

An Comh. Frankie Keena
Cathaoirleach BOOLI

Feidhmeanna Bhord BOOLI

Tá feidhmeanna feidhmiúcháin agus feidhmeanna forchoimeádta ar an mBord. An Príomhfheidhmeannach a chomhlíonann na feidhmeanna feidhmiúcháin agus an Bord a chomhlíonann na feidhmeanna forchoimeádta. Leagtar amach na feidhmeanna forchoimeádta in Alt 12 (2) den Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna 2013.

Ráiteas faoi Fhreagracht an Bhoird

Cuireadh Bord Oiliúna agus Oideachais an Longfoirt agus na hlarmhí ar bun an 1 Iúil 2013 faoi fhorálacha an Achta um Boird Oideachais agus Oiliúna 2013. Faoi Alt 51 an Achta, tá dlite ar BOOLI na cuntais go léir is cuí agus is gnách ar an airgead a gheobhaidh sé nó a chaithfidh sé a choimeád i cibé foirm agus i leith cibé tréimhsí cuntasáíochta a cheadóidh an tAire, le toiliú an Aire Airgeadais agus an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Agus na cuntais seo á n-ullmhú, tá dlite ar an mBord:

- (a) Na polasaithe caighdeánacha cuntasáíochta a chur i bhfeidhm maidir le ráitis airgeadais the BOOLI a ullmhú
- (b) Breithiúnas agus meastachán a dhéanamh atá réasúnach agus stuama
- (c) Aon chás ina n-imítear ó na polasaithe caighdeánacha cuntasáíochta a chur in iúl agus a mhíniú

Tá an Bord freagrach as leabhair chuí cuntais a choimeád lena léirítear go réasúnta cruinn riocht airgeadais an Bhoird ag tráth ar bith agus lenar féidir a chinntiú go bhfuil na Ráitis Airgeadais ag teacht le halt 51 den Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna 2013. Tá de fhreagracht ar an mBord chomh maith sócmhainní an Bhoird a chaomhnú agus bearta réasúnacha a dhéanamh chun calaois nó mírialtacht eile a chosc nó a thabhairt chun suntais. Tá an Bord den tuairim go dtugtar léiriú maris cuí sna Ráitis Airgeadais Bhliantúla ar ioncam agus ar chaiteachas an Bhoird agus ar riocht ghnóthaí an Bhoird.

Comhaltaí Boird BOOLI Eanáir - Nollaig 2020

Ainm

Luke Casserly Uas.
 Donie Cassidy Uas.
 An Comh. Aoife Davitt
 An Comh. John Dolan
 An Comh. Michael Dollard
 Josephine Donohue Uas.
 Niamh Ginnell Uas.
 An Comh. Ken Glynn
 An Comh. Gerry Hagan
 Colm Harte Uas.
 An Comh. Louise Heavin
 An Comh. Frankie Keena (Cathaoirleach)
 An Comh. Denis Leonard
 Kathleen McGahern Uas.
 Mark Murphy Uas.
 An Comh. Garry Murtagh
 An Comh. Peggy Nolan
 Mary O'Brien Uas.
 An Comh. Pat O'Toole (Leas-Chathaoirleach)
 An Comh. Emily Wallace
 Colin Whyte Uas.

Comhlacht Ainmniúcháin

Comhlachtaí arna sonrú ag an Aire
 Comhlachtaí arna sonrú ag an Aire
 Arna toghadh ag Comh. Co. na hIarmhí
 Arna thoghadh ag Comh. Co. na hIarmhí
 Arna thoghadh ag Comh. Co. na hIarmhí
 Comhlachtaí arna sonrú ag an Aire
 Comhlachtaí arna sonrú ag an Aire
 Arna thoghadh ag Comh. Co. na hIarmhí
 Arna thoghadh ag Comh. Co. an Longfoirt
 Comhlachtaí arna sonrú ag an Aire
 Arna toghadh ag Comh. Co. na hIarmhí
 Arna thoghadh ag Comh. Co. na hIarmhí
 Arna thoghadh ag Comh. Co. na hIarmhí
 Ionadaí Tuismitheoirí
 Ionadaí Tuismitheoirí
 Arna thoghadh ag Comh. Co. an Longfoirt
 Arna toghadh ag Comh. Co. an Longfoirt
 Ionadaí Foirne
 Arna thoghadh ag Comh. Co. an Longfoirt
 Arna toghadh ag Comh. Co. na hIarmhí
 Ionadaí Foirne

Dátaí Chruinnithe Boird BOOLI Eanáir - Nollaig 2020

20 Eanáir
17 Feabhra
9 Márta
26 Bealtaine - Cianchruinniú
17 Lúnasa - Cianchruinniú
21 Meán Fómhair - Ní raibh córam i láthair
13 Deireadh Fómhair 13 - Cianchruinniú
10 Samhain 10 - Cianchruinniú

An Coiste Iniúcháireachta agus Baoil: Comhaltaí & Dátaí Cruinnithe

Faoi Alt 45.1 den Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna 2013, tá dlite ar BOOLI dhá choiste mar seo a leanas a chur ar bun:

- (a) coiste chun scrúdú a dhéanamh ar chúrsaí airgeadais a bhaineann leis an mbord agus tuairisc a thabhairt don bhord ar na cúrsaí sin (ar a dtugtar "coiste airgeadais" san Acht), agus
- (b) coiste chun cabhrú leis an mbord na feidhmeanna maidir le hiniúcháireacht inmheánach a chomhlíonadh (ar a dtugtar "coiste iniúcháireachta" san Acht).

An Coiste Iniúcháireachta & Baoil: Comhaltaí (Eanáir - Nollaig 2020)
Gerard Quirke Uas. (Cathaoirleach)
Donie Cassidy Uas.
John Duffy Uas.
An Comh. Gerry Hagan
Kathleen McGahern Uas.
Pat O' Rourke Uas.

Dátaí Cruinnithe 2020
6 Eanáir
27 Eanáir
7 Feabhra
24 Aibreán – Cianchruinniú
25 Meán Fómhair

* Luaitear tinreamh Chomhaltaí an Choiste in Aguisín 2

An Coiste Airgeadais: Comhaltaí & Dátaí Cruinnithe

An Coiste Airgeadais: Comhaltaí (Eanáir - Nollaig 2020)
An Comh. Michael Dollard (Cathaoirleach)
An Comh. John Dolan
John Duffy Uas.
Hugh Farrell Uas.
Ann Nugent Uas.
An Comh. Pat O'Toole

Dátaí Cruinnithe 2020
3 Feabhra
3 Márta
13 Deireadh Fómhair – Cianchruinniú
27 Samhain – Cianchruinniú

*Luaitear tinreamh Chomhaltaí an Choiste in Aguisín 2

Bord Oiliúna agus Oideachais an Longfoirt agus na hIarmhí

Staitisticí Príomhthábhachta

Scoileanna



Seirbhísí	Líon na bPríomh-ionad	Líon na Rannpháirtithe
Daltaí Iarbhunscolaíochta	8	3214
Ionad Oideachais Sóisearach N. Antaine	1	15
Daltaí Iar-ardteisiméireachta	2	209
Cúrsaí Oíche Féinmhaoinithe	1	261
Iomlán	12	3699

Breisoideachas agus Oiliúint



Seirbhísí	Líon na bPríomh-ionad	Líon na dTairbhithé
Breisoideachas agus Oiliúint	12	5602
Seirbhís Treorach don Duine Fásta	3	1044
Iomlán	15	6646

Seirbhísí Ógra



Seirbhísí	Líon na bPríomh-ionad	Líon na dTairbhithé
Clubanna faoi stiúir oibrithe deonacha	38	1280
Seirbhísí Ógra faoi stiúir lucht foirne	9	2287
Iomlán	47	3567

Tuarascáil faoi Éifeachtúlacht Fuinnimh


Éilítear faoi Ionstraim Reachtuil 542 de 2009 ar eagraíochtaí san earnáil phoiblí tuairisc bhliantúil athabhairt maidir le húsáid fuinnimh agus le bearta a dhéantar chun idiú fuinnimh a mhaolú. Tugadh breis éifeachtúlachta i gcrích trí bhainistíocht de réir córais a dhéanamh ar chúrsaí fuinnimh, obair forfheabhsúcháin ar fhoirgnimh agus ar áiseanna, feabhas ó thaobh soláthar fuinnimh agus athrú ar nósanna taobh istigh den eagraíocht.

Féachann BOOLI i gcónaí le híslíú breise maidir le hídiú fuinnimh a thabhairt i gcrích agus tá eolas curtha faoi bhráid na scoileanna, na n-ionad agus na n-oifigí ar fad faoi mar a éilíonn Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann.


Tá ráta 40.3% á bhaint amach ag BOOLI faoi láthair.

Féach an léaráid thíos maidir le sábháil fuinnimh BOOLI anall go dtí an bhliain 2019, i gcomórtas le figiúr bonnlíne na bliana 2009.

Since Baseline to 2019




Energy Performance Indicators - 2019




Ón mBonnlíne go 2019
Sábháil Fuinnimh: 40.3% níos ísle
Athrú in Usáid Fuinnimh: 25.3% níos ísle
Táscairí Feidhmíochta Fuinnimh – 2019
Líon na ndaltaí lánaimseartha
Spríoc EnPI
Iarbhir
Spríoc-chosán sleamhnaithe
8.6% níos fearr ná 2018
40.3% níos fearr ná an bhonnlíne
10.9% níos fearr ná spríoc 2020
14.7% níos fearr ná an spríoc-chosán sleamhnaithe
Táscairí Feidhmíochta Fuinnimh Leibhéal 2 (2019)
Leictreachas
Teirmeach
Iompar
6.8% níos fearr ná 2018
11.4%....
0.0% níos measa ná 2018

Ionaid Seirbhísí BOOLI



Ionaid Seirbhísí BOOLI	
Scoileanna	Breisoideachas agus Oiliúint
1 Ardscoil Phádraig, Gránard	13 Ionad BOO Bhaile Átha Luain
2 Coláiste Pobail Átha Luain	14 Ionad BOO Bhaile Uí Mhatháin
3 Gairmscoil Bhaile Uí Mhatháin	15 Ionad BOO Ghránard
4 Coláiste Pobail Bhaile na gCros	16 Ionad BOO an Longfoirt
5 Coláiste Cholumba, Cill Liúcainne	17 Ionad BOO an Mhuilinn Chearr
6 Coláiste Pobail Bhéal Átha Liag	18 Ionad Oiliúna Bhaile Átha Luain
7 Coláiste Pobail an Mhuilinn Chearr	Ógtheagmháil agus SDOG
8 Coláiste Theampall Mhichíl, an Longfort	19 Ógtheagmháil Bhaile Uí Mhatháin
9 Iar-bhunscoil N. Antaine, Baile Átha Luain	20 Ógtheagmháil Dhealbhna
Cúrsaí Iar-ardteistiméireachta	21 Ógtheagmháil Chill Bheagáin
10 Coláiste Pobail an Mhuilinn Chearr	22 Ógtheagmháil an Longfoirt
11 Coláiste Theampall Mhichíl, an Longfort	23 SDOG Bhaile Átha Luain
	24 SDOG an Mhuilinn Chearr
12 Ceannoifig BOOLI an Mhuilinn Chearr	25 Oifig an Longfoirt




Miondealú ar Lucht Foirne BOOLI 2020

Catagóir	Iomlán
Múinteoirí Iarbhunscolaíochta	434
Múinteoirí/Teagascóirí/Oidí BOO	163
Lucht Riaracháin	120
Comhordaitheoirí/ Ceannasaithe Ionaid	25
Oibrithe Acmhainne	11
Lucht Cothabhála	30
Foireann Tacaíochta (CRS)	78*
Scrúduithe	0**
Deimhnitheoir Seachtrach	25
Comhaltaí Boird	21
Music Generation	15
Iomlán	922

*Tugtar Maoir Covid san áireamh leis an bhfoireann tacaíochta

**Níor eagraíodh scrúduithe agus, dá bhrí sin, níor tharla íocaíocht le baill foirne sheachtracha i mbliana



Aisling, Misean, Luachanna agus Spriocanna Straitéise BOOLI

Leag BOOLI amach 'Ráiteas Straitéise 2017 – 2022' sa bhliain 2017 faoi mar a éilítear faoi Alt 27 den Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna 2013. Leagtar amach sa Ráiteas Straitéise na spriocanna agus na cuspóirí ardleibhéil maidir le BOO an Longfoirt agus na hlarmhí go ceann cúig bhliana. An Ráiteas Straitéise an bonn cuí maidir le hathbheithniú ar ar éirigh le BOOLI a thabhairt i gcrích i rith na bliana 2020 agus leagtar amach freisin an creatchóras don tuarascáil bhliantúil seo maidir le ceithre réimse ábhair, eadhon, Scoileanna, Seirbhísí Ógra, BOO agus TFE.

Ár bhFís

Seirbhísí gairmiúla
oideachais agus oiliúna
ardcháilíochta agus
fuinniúla, a ithnítear go
náisiúnta agus go
hidirnáisiúna a fhorbairt
agus a sholáthar

Ár Misean

Seirbhísí oideachais
agus
oiliúna dinimiciúla,
éagsúla agus
nuálacha
a sholáthar



SPRIOCANNA STRAITÉISE 2017-2022	
Sprioc 1	Seirbhísí gairmiúla oideachais agus oiliúna ar ardchaighdeán atá bunaithe ar an bhfoghlaimoir a chur ar fáil
Sprioc 2	Forfheabhsú ar a dtaitíonn an foghlaimoir agus ar thoradh na foghlama
Sprioc 3	Cumarsáid, comharobair agus páirtnéireacht den éifeachtúlacht a chothú
Sprioc 4	Struchtúr eagrúcháin den éifeachtúlacht a thabhairt chun cinn
Sprioc 5	Cultúr maidir le forbairt leanúnach a chothú leis an lucht foirne

Tuarascáil 2020 - Scoileanna

Sprioc 1: Seirbhísí oideachais agus oiliúna ar ardchaighdeán atá bunaithe ar an bhfoghlaim a leagan amach

1.1 Cairt na bhFoghlaim a leagan amach

Tar éis cuid mhór taighde a dhéanamh agus caidreamh forleathan le lucht ceannais na scoileanna, le baill foirne, le daltaí agus le hionadaithe Lónra Chumainn na dTuismitheoirí, thug BOOLI an obair chun críche maidir le Cairt na bhFoghlaim a leagan amach don eagraíocht. Leagtar amach sa chairt a mbeidh ar fáil ag an bhfoghlaim ó sheirbhís BOOLI agus a ndéanfaidh na rannpháirtithe ar fud réimse iomlán na gclár a chuireann BOOLI ar fáil. Tá teacht ar Chairt na bhFoghlaim ar láithreán gréasáin BOOLI ag <https://www.LWETB.ie/wp-content/uploads/2020/11/LWETB-Learner-Charter-2020.pdf> nó ar láithreán gréasáin BOOLI <https://www.LWETB.ie>

1.2 Straitéis Teagasc agus Foghlaim BOOLI a leagan amach

Tá BOOLI ag teannadh leis an obair ar an gcáipéis 'Bord Oiliúna agus Oideachais an Longfoirt agus na hIarmhí - Bunphrionsabail Oideachais agus Oiliúna' a thabhairt chun críche. Leagtar amach sa cháipéis seo na bunphrionsabail maidir le hoideachas a chur ar fáil ar fud réimse scoileanna agus seirbhísí BOOLI. Tá an obair ar 'An Straitéis Faisnéise agus Teicneolaíochta – Straitéis maidir le Faisnéis agus Teicneolaíocht a Theagasc agus a Fhoghlaim sna Scoileanna, sa Bhreiseoideachas agus san Oiliúint' á thabhairt chun críche ag BOOLI chomh maith. Leagtar spriocanna soiléire amach sa cháipéis seo maidir leis an oiliúint agus an fhorbairt chuig a chur ar fáil don uile dhuine den fhoireann agus bunstruchtúr ar ardchaighdeán a chur ar fáil ionas go mbíonn bonn daingean faoi Theicneolaíocht an Eolais agus na Cumarsáide ar fud na heagraíochta.

1.3 Pleanáil agus comhordú ar na cláir

COVID-19:

Ainneoin a raibh de chur isteach i gceist le COVID-19, seachas mar a bhí le haon ní eile riamh, leanadh den churaclam a chur ar fáil do na daltaí go léir ar mhodh ardchaighdeán. Bhí buntábhacht maidir le toradh fóna ag na daltaí ar an mbéim a leagadh ar spéis a spreagadh, ar fholláine, ar chaidreamh agus ar chuidiú leis na daltaí a bheith ullamh do scrúduithe. Is trí chuid mhór ama agus acmhainní a chaitheamh leis an gcúram agus le comhoibriú agus dúthracht lucht ceannais agus baill foirne na scoileanna, na ndaltaí, BOOLI, na mBord Bainistíochta agus an phobail i gcoitinne a tugadh seo i gcrích. Cuireadh teimpléid chaighdeánacha agus socruithe comhaontaithe i bhfeidhm d'fhonn an t-ualach oibre a mhaolú agus dúbailt oibre sna scoileanna a sheachaint.

An Curaclam:

Leanadh den Churaclam nua don tSraith Shóisearach a thabhairt i bhfeidhm ar fud scoileanna uile BOOLI. Ar na cúrsaí gairide a cuireadh ar fáil i rith na bliana 2020, bhí Litearthacht maidir leis na Meáin Dhigiteacha, OSPS, OSSP, Corpoideachas, agus folláine. Tá an Ardteistiméireacht Fheidhmeach ar fáil i gceithre cinn de na scoileanna, Gairmchlár na hArdteistiméireachta ar fáil i seacht gcinn agus roghanna don Idirbhliain ar fáil ag daoine óga i sé scoil. Déantar soláthar i gcúig cinn de na scoileanna do ranganna speisialta agus cuirtear cúrsaí lar-ardteistiméireachta ar fáil i dhá scoil.

Teagasc agus Foghlaim:

Is ar an sárchleachtas teagasc agus foghlama a chinntiú a bhíonn an bhéim i scoileanna BOOLI. Cuireadh athrú, i bhfianaise na srianta maidir le COVID-19, ar an monatóireacht ar spreagadh na ndaltaí, tugadh modhanna nuálacha isteach maidir le hábhar a chur i láthair agus an deis is fearr a bheith ag an dalta cruthú go maith. Bhí buntábhacht le deiseanna cianfhoghlama maidir le hábhar a chur i láthair agus thug na scoileanna go léir faoin gcúram go fonnmhar. Ar na córais ba mhinice in úsáid, áirítear MS Teams, One drive, Zoom, One Note, One Drive agus an ríomhphost. Bhí leas á bhaint chomh maith as ardáin eile ar líne chun bonn treise a choinneáil faoin teagasc agus faoin bhfoghlaim. Áirítear orthu sin: Zoho Showtime, Class Dojo, Microsoft Education, Edmodo, Scoilnet, Irish Homework, Schoology, Apple, G Suit, Google Classroom, Revise.ie, Skype, Youtube, Irish Music online, Kahoot, Padle, Duoling, Linguascop, Edpuzzl, Quizle, Scrncastin, Flipgri, Go Noodle, Spaklebox, Twinkl, Language Gym, Griffith College 'Free Maths Classes', Purcelltutor.ie., Griffith.ie, agus saorchead r-leabhair a úsáid.

Áirítear ar na hacmhainní breise foghlama: SCC – Béarla, Leavingcertirish.com., Themathtutor.ie, Essentialfrench.ie, Pancomido (Spáinnis), Vifax OÉ Má Nuad (Gaeilge), PolSoc Podcast, RTÉ, Exam Study Plus, MyStudyPal agus Clever Notes.

Modhanna monatóireachta maidir leis an teagasc agus leis an bhfoghlaim:

Tuarascáil Sheachtainiúil, bileoga arna líonadh i ndáil le gach bliain ag an lucht foirne.

Chothaigh lucht ceannasaíochta na scoile caidreamh leanúnach le daltaí ar chosúil nach raibh siad spreagtha chun foghlama ag an am.

Tuairisc do cheannairí sinsearach na scoile sa chás go dtugtar cásanna deacrachta chun suntais agus na baill foirne á gcur i mbun cúnamh a thabhairt do na daltaí sin. Seoladh tuairiscí téarma breise chuig na tuismitheoirí ag teannadh le saoire na Cásca d'fhonn an scéal ba dheireanaí maidir leis an obair a bhí déanta agus na bearta oibre etc. a bhí tugtha do na daltaí a chur in iúl dóibh.

Leagadh amach scarbhileoga ionas go dtabharfaí spreagadh na ndaltaí chun suntais agus go gcinnteofaí nach raibh an próiseas gníomhach foghlama á shéanadh ar dhuine óg ar bith. Chuir na scoileanna Nótaí Treorach ar fáil go rialta do na tuismitheoirí/caomhnóirí maidir le imeachtaí na scoile, tráthanna dúnta, béilí scoile etc.

Clár Cultúir na Scoileanna:

Cuirtear deiseanna ar fáil i scoileanna BOOLI cur le foghlaim agus taithí an dalta le réimse leathan de chlár cultúir agus de chlár seach-churaclaim. Bhí bac ar thurais scoile i rith na bliana 2020 an tráth a raibh na scoileanna dúnta mar gheall ar COVID-19 ach, sular tharla sin, tugadh turais scoile chuig an Dánlann Náisiúnta, Ard-Mhúsaem na hÉireann, Baysports Water Park, an Luan Gallery, Babhláil, Seó Bóthair na LOI, Comhairle na nÓg, Turais Tíreolaíochta, Turais Ealaíne, an Smart Money Challenge agus Jump Planes.

Ar na bearta nuálaíochta breise a cuireadh ar bun agus srianta COVID-19 i bhfeidhm, áirítear Garraíodóireacht Polatholláin, cláir bhreise folláine, Déanamh Píotsa, ceachtanna Giotáir agus Pianó, Potadóireacht, Dúshlán Siúlóide agus Reatha na múinteoirí agus na ndaltaí, Grúpaí Ceoil, Caidhceadóireacht agus Seisiúin Caidrimh Inmheánacha.

Comórtais:

Bhí cur isteach ag COVID-19 ar pháirt na scoileanna i gcomórtais. Bhí, ina dhiaidh sin féin, modhanna eile á gceapadh don rannpháirtíocht agus don iomaíocht agus níor lig scoileanna BOOLI an deis ar cairde. Bhí scoileanna BOOLI páirteach i gcomórtais éagsúla i rith na bliana 2020, ina measc: Comórtas Eolaí Óg BT, Junk Kouture, Scifest, One Good Idea, Comórtas Aistriúcháin Spáinnise agus Gradaim Fiontraíochta LCC.

Duaiseanna a buadh i rith na bliana 2020:

- Coláiste Pobail Átha Luain: Rugbaí Faoi 14 agus Faoi 16 Cúige Chonnacht
- Gairmscoil Bhaile Uí Mhatháin: Buachaillí Sinsearach - Craobh CLG Thuaisceart Chúige Laighean
- Coláiste Cholumba, Cill Liúcainne: Badmantan.

- Coláiste Pobail Bhaile na gCros – Óráidíocht, An 3^ú hÁit, Comórtas Fiontraíochta Chomhairle Chontae na hIarmhí – Buaiteoir Réigiúnach. Badmantan - Bhí na daltaí sa Bhabhta Ceannais Haca - Cluiche Ceannais Thuaisceart Chúige Laighean Iománaíocht - Cluiche Ceannais Thuaisceart Chúige Laighean

Tionscnaimh Áitiúla agus Tionscnaimh Náisiúnta:

Bratach Gníomhaíochta - Aclaíocht Thairbheach; An Bratach Ómra - Dea-shláinte Meabhrach; Bratach Ghlas - Aird ar Chúrsaí Timpeallachta; Nuálaithe Sóisialta Óga; Maoir Ranga; Ranganna Cócaireachta saor in aisce (do na tuismitheoirí); Operation Transformation (do na tuismitheoirí); Páirtnéireacht IB leis an lucht tionsclaíochta go háitiúil; Cuairt Chór na Scoile ar Thithe Altranais faoi Nollaig; Club Fiontraíochta na nDaltaí; Cúrsa Cóitseála CLG IB; Caidreamh le lucht tionsclaíochta na háite (e.g. Taithí Oibre, Ullmhú CV etc.); Clár de chuid an Gharda (e.g. seisiúin tuisceana maidir le cúrsaí Drugaí etc.); an Comhar Creidmheasa; Tábhacht leis an Uile Lá, tionscnamh tinrimh; Bratach FSS do Chur chun cinn na Sláinte; Seachtain Tuisceana maidir le Ceisteanna LADT; Seachtain Tuisceana maidir leis an Lár-Oifig Iontrála; Seachtain Tuisceana maidir le cúrsaí Eolaíochta; Seachtain Tuisceana maidir le cúrsaí Matamaitice; Seachtain Tuisceana maidir leis an tSláinte Mheabhrach; Bailte Slachtmhara; Ceardlann maidir le Dea- mhúineadh; Ceardlann maidir le Dea-bhéasa; Seantuismitheoir ar Altramas; Scríobh Litreacha.

Music Generation:

Thosaigh Oifigeach Forbartha Music Generation i mbun oibre le BOOLI i mí Eanáir 2020 agus déantar an clár fiúntach seo a chur ar fáil i gcomhréir le Creatphlean Achomair Music Generation. Cuireann Music Generation an Longfoirt oideachas sa cheol ar fáil do leanaí agus do dhaoine óga i gContae an Longfoirt. Seoladh an chéad chlár ar an 9 Samhain 2020 le 40 leanbh i láthair. Cuireadh painéal 15 Oide Ceoil le chéile i mí Meán Fómhair 2020, tar éis feachtas earcaíochta a eagrú, chun an tseirbhís fhiúntach seo a chur ar fáil do leanaí agus do dhaoine óga.

Tugadh an obair ar Lámhleabhar Oibre Music Generation an Longfoirt agus ar an bPlean Oibre chun críche agus tá siad sin i bhfeidhm anois. Bíonn Oifigeach Forbartha Music Generation an Longfoirt i mbun caidrimh le geallsealbhóirí, i mbun oiliúna agus i bun cláir a shonrú agus a thabhairt chun cinn. Caidreamh leanúnach le Stiúrthóir na Scoileanna. D'eagraigh 16 cruinniú ceannairí agus dhá chruinniú ceannairí eile i gcomhar le hOifig Náisiúnta Music Generation.

Cur chuige den nuáil maidir le seirbhís a chur ar fáil.

Mar gheall ar COVID-19, cuireadh cuir chuige cláir éagsúla ar fáil ar ardáin ar líne ar bhealaí nua.

Aird ar Music Generation:

Roghnaíodh Music Generation an Longfoirt ar cheann de 7 limistéar as an 26 limistéar Music Generation a léireofaí i bhfiseán a rinneadh do lucht maoiniúcháin Music Generation go náisiúnta. Is é atá d'aidhm leis an bhfiseán aird a tharraingt ar an obair ardchaighdeán atá á déanamh ar fud na tíre. Roghnaíodh an Longfort mar gheall gurb é an t-aon cheantar amháin é a bhaineann leis an gCéim Leathnúcháin Náisiúnta inar cuireadh tús le cláir i gcomhar le Seirbhísí Óige an Chontae. Is féidir mionolas faoi Music Generation BOOLI a fheiceáil ar <https://www.LWETB.ie/music-generation/>

An tAonad Obair Ógra:

Cruinnithe leanúnacha ag an Oifigeach Ógra leis na soláthraithe seirbhíse de réir an Chomhaontú Leibhéal Seirbhíse leis an eagraíocht atá i gceist. Tionóladh gach cruinniú a bhí sceidealaithe.

- Bíonn cruinniú gach seachtain ag an Oifigeach Ógra le Stiúrthóir na Scoileanna.
- Bunaíodh Grúpa Comhordúcháin Ógra, le Stiúrthóir na Scoileanna sa chathaoir – tionóladh aon chruinniú amháin i rith na bliana 2020 ar an 7 Aibreán agus leanadh den chaidreamh ina dhiaidh sin ar ardáin ar líne.

1.4 Soláthar do Dhearbhu Cáilíochta (Meithle Dearbhú Cáilíochta a chur ar bun i ngach earnáil ionas go gcinntítear soláthar ar ardchaighdeán agus torthaí fónta

2018 – 2020

Bíonn Stiúrthóir na Scoileanna ar Mheitheal Maoirseachta BOOLI maidir le cúrsaí Cáilíochta, grúpa oibre a chuidíonn le torthaí fóna a thabhairt i gcrích do na daltaí atá ag freastal ar chúrsaí IAT i gColáiste Pobail an Mhuilinn Chearr agus i gColáiste Theampall Mhichíl. Ainneoin an cur isteach mar gheall ar COVID-19, eagraíodh cruinnithe i rith na bliana. D'fhreastail Stiúrthóir na Scoileanna dhá chruinniú ar bhonn cianfhreastail chomh maith le Cruinniú Aontú Torthaí. Thionóil Stiúrthóir na Scoileanna Cruinniú Pleanála do Cheannairí IAT Déardaoín, an 28 Bealtaine 2020 ar mhaithe le hobair ullmhúcháin don scoilbhliain dár gcionn. Tá ceannairí scoile as Coláiste Pobail an Mhuilinn Chearr agus Coláiste Theampall Mhichíl ar an Meitheal Rialachais maidir le Cúrsaí Cáilíochta agus ar an Meitheal Rialachais maidir leis na Cláir d'fhonn bonn treise a chur faoi chúrsaí Iar-Ardteistiméireachta a chur ar fáil sna scoileanna agus toradh fóna a thabhairt i gcrích.

1.5 Seifteanna den nuáil a thabhairt chun cinn maidir leis na riachtanais faoi láthair agus san am atá le theacht

Ceannaireacht i rith phaindéim COVID-19:

Chuir Tascfhoireann COVID-19 BOOLI, daoine sinsearach den lucht bainistíochta agus Stiúrthóir na Scoileanna treoir agus comhairle ar fáil go leanúnach do cheannairí sna scoileanna sular dúndadh iad ar an 12 Márta 2020, i rith an tréimhse dianghlása agus sula raibh na scoileanna iarbhunscolaíochta i gContae an Longfoirt agus i gContae na hIarmhí le hathoscailt. Tríd an gcúnamh taca seo, cuireadh acmhainní breise agus lón comhairle ar fáil do cheannairí na scoileanna ionas gur cinntíodh na bearta ar fad a d'éiligh EDS, FSS agus an Roinn Oideachais agus Scoileanna a chur i bhfeidhm.

Chuir Stiúrthóir na Scoileanna suirbhé le chéile a scaipeadh ar na Príomhoidí, na Leas-Phríomhoidí agus na Príomhoidí Cúnta i scoileanna uile BOOLI i mí Aibreán 2020 ag iarraidh orthu mionsonraí a lua faoi na bearta a bhí curtha i bhfeidhm ag na scoileanna mar gheall ar an bpaindéim. Ar na torthaí ba thábhachtaí, bhí an bhéim a chuir scoileanna ar dhea-bhail an dalta, ceannaireacht, caidreamh leis na teaghlacha, scrúduithe, pleanáil agus earcaíocht.

Lean na scoileanna de chruinnithe foirne agus cheannairí a eagrú i rith thréimhse na dianghlása, tugadh faoi oiliúint shuntasach maidir le scoileanna TEC ionas gur cinntíodh an fhoireann agus na daltaí ábalta maidir le cláir a chur ar fáil ar bhonn cianchaidrimh, coinníodh caidreamh leanúnach seasta ar bun ar an teileafón, ar an ríomhphost agus le teachtaireachtaí téacs idir gach duine de phobal na scoile, cuireadh cúnamh ar fáil do cheannairí scoile maidir le cúrsaí folláine agus dea-bhail an duine, Caidreamh idir an Baile, an Scoil agus an Pobal, Comhairleoireacht Treorach, Críochnú an Chúrsa Scoile, Meithle Cúraim Scoile agus múinteoirí.

Scoileanna BOOLI:

Tá meitheal á cur le chéile faoi láthair a oibreoidh ar an gCaidreamh le lucht Fiontraíochta. Tá Grúpaí Caidrimh inmheánacha ar bun ag BOOLI ar a n-áirítear Grúpa na gComhairleoirí Treorach, Meitheal an Chaidrimh idir an Scoil agus an Baile, Meitheal na Riarthóirí Scoile, Meitheal na bhFeighlithe agus na nGlantóirí. Cuireadh na grúpaí seo ar bun ionas gur féidir le baill foirne gnéithe den sárghnás oibre a chur in iúl dá gcomhghleacaithe i scoileanna eile, tuairiscí a chur ar fáil do Stiúrthóir na Scoileanna maidir le gnéithe éagsúla d'obair na scoileanna, seifteanna den nuáil a thabhairt chun cinn agus cúnamh taca a chur ar fáil do na ceannairí sinsearach sna scoileanna.

Cuireadh Tascfhoireann ar fáil maidir le Riachtanais Speisialta Oideachais (RSO) ar a bhfuil triúr Príomhoidí agus Stiúrthóir na Scoileanna d'fhonn cuidiú le seirbhísí RSO den scoth a chur ar fáil i scoileanna BOOLI. Tionóladh dhá chruinniú i rith na bliana 2020, ceann Dé Máirt an 22 Meán Fómhair agus ceann an 3 Nollaig 2020. Tá sceideal oibre leagtha amach lena mbaineann acmhainní agus foireann uirlisí a thabhairt chun cinn is féidir a scaipeadh ar scoileanna BOOLI.

Cuireadh Tascfhoireann Phróifíl Scoileanna BOOLI ar bun chomh maith agus tionóladh ceithre cinn de chruinnithe ar an 15 Meán Fómhair, an 28 Meán Fómhair, an 30 Meán Fómhair agus an 9 Deireadh Fómhair. Ar thorthaí shaothar an ghrúpa seo, tá físeáin bolscaireachta a choimisiúnú, réamheolaire a chur le chéile agus meirge clárúcháin a leagan amach do gach ceann den 8 scoil. Is féidir físeáin na scoileanna a fheiceáil ar <https://www.LWETB.ie/schools/> nó ar láithreán gréasáin na scoile féin.

Laethanta Oscailte:

Mar gheall ar na srianta maidir le COVID 19, níorbh fhéidir leis na scoileanna lá oscailte a eagrú ar an ngnáthbhealach. Chun cuidiú leis na scoileanna eolas a chur ar fáil don phobal i gcoitinne, rinne Tascfhoireann Phróifíl Scoileanna BOOLI léiritheoir gairmiúil físeáin a sholáthar chun físeán eolais ar ardchaighdeán maidir le gach ceann de na scoileanna a chur ar fáil. Is féidir an físeán maidir le gach ceann den 8 scoil a fheiceáil ar láithreán gréasáin na scoile féin nó ar www.LWETB.ie.

Cuireadh tús leis an bpróiseas Athchumrú don Éagsúlacht sna bunscoileanna i rith na bliana 2018. Chuir Stiúrthóir Scoileanna Náisiúnta Pobail BOOE eolas ar fáil le cur i láthair os comhair Bhord BOOLI, Dé Luain an 17 Feabhra 2020. Níl tús le cur go fóill leis an gCéim Forfheidhmiúcháin go dtí go dtagann treoir breise ón Roinn Oideachais agus Scoileanna ina leith.

Scoileanna Pobail :

Rinne Stiúrthóir na Scoileanna, ina ionadaí thar ceann BOOLI in ainm an Chomhphátrúin, caidreamh leis an lucht ceannasaíochta sna scoileanna agus sna comhlachtaí pátrúnachta i ndáil Pobalscoil na Maighne agus Coláiste Pobail an Mhóta agus pléadh an obair maidir le Polasaí Iontrála nua a leagan amach agus a aontú go críochnúil maidir leis na scoileanna. Thángthas ar shocrú maidir leis na cáipéisí agus rinneadh iad a aontú de réir mar a éilítear go náisiúnta.

Music Generation:

Faoi mar a leagtar amach i gCreatphlean Achomair Music Generation, déanann BOOLI agus Music Generation an Longfoirt soláthar sa cheantar maidir leis na riachtanais a leagtar amach sa cháipéis sin. Ó thosaigh an tOifigeach Forbartha Music Generation i mbun feidhme le BOOLI i mí Eanáir 2020, tionóladh 16 cruinniú le Stiúrthóir na Scoileanna chun pleanáil agus obair feidhmiúcháin a dhéanamh maidir le hoideachas sa cheol a chur ar fáil do dhaoine óga, eagraíodh aon chruinniú amháin leis an lucht bainistíochta sinsearach i gComhairle Chontae an Longfoirt, rinneadh cur i láthair os comhair chomhaltaí Chomhairle Chontae an Longfoirt agus glacadh páirt i mbeart athbhreithniúcháin le Ceannoifig ar an 22 Bealtaine.

Rinne Music Generation an Longfoirt chomh maith, mar gheall ar COVID-19, obair in éineacht leis na scoileanna iarbunscolaíochta ar thionscnamh nuálaíochta maidir le cláir ceoil ar líne a chur ar fáil do dhailt na hIdirbhliana.

Sprioc 2: Forfheabhsú ar a dtaithíonn an foghlaimeoir agus ar thoradh na foghlama

2.1 Aiseolas ón bhfoghlaimeoir agus ó na tuismitheoirí

Aiseolas ón bhFoghlaim:

Tá buntábhacht ag na scoileanna le haiseolas den scoth a fháil. Déantar sin trí Chomhairle na nDaltaí, Guth an Dalta agus Comhairle na dTuismitheoirí. Baintear úsáid mhaith freisin as na meáin shóisialta agus bíonn eolas faoi shaol na scoile ar fáil ar Twitter ag an bpobal i gcoitinne. Seolann na scoileanna suirbhéanna, Microsoft Forms etc. amach, ionas gur féidir teacht ar eolas faoi Fhéinmheastóireacht Scoile, na cláir Folláine atá ar fáil agus faisnéis eile a theastaíonn chun feabhsú leanúnach sna scoileanna a chinntiú. Bhí buntábhacht le teacht ar aiseolas ón bhfoghlaim maidir le cuidiú leis na daltaí an tráth a raibh cianfhoghlaim agus meascán timpeallachtaí foghlama i gceist. Ar na bearta breise caidrimh a cothaíodh leis na daltaí an tráth a raibh na scoileanna dúnta, bhí cumarsáid leanúnach ar an teiléafón le lucht ceannasaíocht na scoile agus leis an bhfoireann, le Treoirchomhairleoirí, Comhordaitheoirí Caidrimh idir an Scoil agus an Baile, Oibríthe Tionscadail, Lucht Tréadchúraim, Ceannairí na mBliana agus Cúntóirí Riachtanais Speisialta.

Aiseolas ó na Tuismitheoirí:

Bhí tábhacht leis an aiseolas breise do na tuismitheoirí maidir le cláir a chur ar fáil go sásúil don dalta i rith phaindéim COVID-19. Ar na modhanna caidrimh a cothaíodh, bhí Litreacha Tuairisce rialta, an teiléafón, téacs agus an ríomhphost, ceistiúchán do na tuismitheoirí ag cruinnithe Tuismitheoirí agus Múinteoirí, Twitter agus Facebook.

Tar éis caidreamh a chothú le Cumann na dTuismitheoirí i ngach ceann de na scoileanna, chuir BOOLI Líonra Chumainn na dTuismitheoirí ar bonn go ceann bliana ar bhonn píolótach. D'oibrigh cúigear tuismitheoirí, thar ceann scoileanna BOOLI, leis an scéim píolótach. Sonraíodh dhá thionscadal a bhféadfaí iad a scrúdú i ndáil lena gcur i bhfeidhm i dtús na bliana 2020. Beidh buntábhacht maidir leis na tionscadail sin le córais, modhanna agus deiseanna a chur ar bun chun aiseolas agus tuairimí ó na tuismitheoirí a fháil san am atá le theacht. Dá ainneoin sin, mar gheall ar COVID-19, níor eagraíodh aon chruinniú ina dhiaidh sin i rith na bliana 2020. Cuirfear tús in athuair leis an tionscadal píolótach i rith na bliana 2021.

Chuir BOOLI tús le cead cainte ag an dalta a thabhairt chun cinn i ngach ceann de na scoileanna. Threisigh BOOLI leis an tionscnamh seo trí shaineolas Denise Kelly, Seirbhísí Comhairleoireachta Oideachais, a chur ar fáil chun tús a chur leis an tionscnamh seo a thabhairt i bhfeidhm agus comhairle a chur ar an lucht foirne agus ar na daltaí maidir leis an tábhacht atá le cead cainte ag an dalta i scoileanna uile BOOLI. Cuireadh tús leis an tionscnamh i gColáiste Cholumba agus i gColáiste Pobail Átha Luain. Leanfar dá leathnú i dtús na bliana 2021. Déantar Cead Cainte an Dalta a chur chun cinn freisin trí bhearta comhairliúcháin agus le cur i láthair leis na Boird Bainistíochta, Comhairle na nDaltaí, ag Cruinnithe maidir le hAthbhreithniú Polasaí, Córas na Maor agus na Meantóireachta, Foireann Meán Cumarsáide na Scoile, seachtainí ábhair faoi cheannas na nDaltaí, Ionadaithe Ghrúpaí Bliana, Cruinniú Cead

Cainte ag an Dalta leis an bPríomh-mhúinteoir chun plé a dhéanamh ar cheisteanna leis na daltaí agus tuairisc a thabhairt do lucht bainistíochta na scoile.

2 Foghlaim le Cuidiú TEC

Le roinnt blianta anuas, tá infheistíocht mhór déanta ag BOOLI i gcórais TEC sna scoileanna ar fad a fhorbairt agus a fheabhsú. Mar gheall ar COVID-19, bhí buntábhacht maidir le cláir a chur ar fáil go sásúil le hinfeistíocht i rith na bliana 2020. Leagadh béim ar ghléasanna a aimsiú a bheadh ag daltaí i mblianta scrúdaithe agus ag daltaí nach mbíonn teacht chomh mór sin acu ar ghléasanna nó ar dheiseanna ceangail. Ainneoin na gconstaicí a bhain leis an bpaindéim, cuireadh na tograí ar fad maidir le forfheabhsú ar chórais i gcrích de réir mar a bhí beartaithe. Ag dul leis na bearta feabhsúcháin sin, cuireadh oiread trealaimh agus ab fhéidir ar fáil do na scoileanna chomh maith le modhanna a chuideodh le baill foirne agus daltaí i gceantair iargúlta ceangal a dhéanamh le córais, oiliúint i TEC agus cúnamh taca TEC.

Áiríodh ar thionscadail i rith na bliana 2020:

- Forfheabhsú ar an gcóras gan sreang - cuireadh isteach córas nua gan sreang den chineál Aruba i ngach scoil de chuid BOOLI i rith shos lár téarma mhí Feabhra 2020.
- Lasca córais - rinneadh forfheabhsú ar lasca uile an chórais i gColáiste Pobail an Mhuilinn Chearr, i gColáiste Pobail Bhaile na gCros and i gColáiste Columba Cill Liúcainne i rith shos lár téarma mhí Feabhra. Rinneadh forfheabhsú maidir leis na lasca ar fad (Lasca Lárnacha agus Lasca Imeacha) i bhfuilleach na scoileanna i rith mhíonna an tsamhraidh 2020.
- Forfheabhsú cáblaí - Tugadh obair bhreise ar na cáblaí i gColáiste Pobail Bhaile Átha Luain chun críche ar mhaithe le TEC sa halla spóirt, san áras aclaíochta agus sa seomra foirne. Bíonn na seomraí sin in úsáid mar spás seomraí ranga anois mar gheall ar chúrsaí COVID-19.
- Córas Teileafóin VoIP - cuireadh gutháin nua idirlín isteach sna scoileanna ar fad i rith na bliana 2020. Tá uimhreacha nua díreach isteach chuig na teileafóin nua ceangailte leo. Cruthaíodh bealaí VPN VoIP ionas gur féidir na glaonna gutháin ar fad as na scoileanna a ligean amach ar chórais an Rialtais tríd an Tairseach Sonus in Ionad Oiliúna Bhaile Átha Luain. Tá an obair ar siúl maidir leis an gcéim dheireanach den chóras VoIP a thabhairt i bhfeidhm (portáil maidir le huimhreacha logánta) agus táthar ag súil leis an bportáil ar fad a thabhairt i gcrích i rith ráithe tosaigh na bliana 2021.
- Microsoft Teams an príomhchóras oibriúcháin i gcónaí ag na scoileanna maidir le ranganna a eagrú agus is ar Microsoft Teams a eagraítear na cruinnithe bainistíochta agus na cruinnithe foirne ar fad, ar scoil agus taobh amuigh den scoil.
- Seo a leanas na gléasanna a cuireadh ar fáil do na scoileanna i rith na bliana 2020:

310 ríomhaire glúine do dhaltáí, 73 Ipad, 5 Surface Pro agus 47 Latitude a ceannaíodh agus a cuireadh ar fáil do na scoileanna. Líon iomlán – 435. Aimsíodh dangail agus gléasanna eile ceangail a cuireadh ar fáil do dhaoine den fhoireann agus do dhaltáí de réir mar a tugadh gá leo chun aire.

Chothaigh Tara365 caidreamh leis na scoileanna éagsúla chun cuidiú le scoileanna deis ceangail a chur ar fáil do dhaltáí agus do bhaill foirne i gceantair iargúlta dá mb'fhéidir sin.

- FGL rialta i rith na bliana 2020 maidir le Office 365, SharePoint agus One Note a úsáid. Bhí oiliúint ar bhaill foirne sna scoileanna ag baint leis sin chomh maith le feabhsú scoileanna do dhaltáí IAT i ndáil le foghlaim ar líne agus Microsoft Teams a úsáid.

2.3 Tuairisc a choinneáil agus a thabhairt ar ghnéithe bunúsacha

Straitéisí Tinrimh:

Tá réimse straitéisí tinrimh curtha ar bun agus tugtha chun cinn ag scoileanna BOOLI chun freastal na scoile a spreagadh i measc na ndaltáí. Áirítear orthu sin baill shinsearach den fhoireann a cheapadh i mbun spriocanna agus straitéisí a leagan amach faoi mar a leagtar amach sa Phlean DEIS, córais bainistíocht scoile a úsáid chun tuairisc a choinneáil ar phátrúin maidir le bheith déanach ar scoil, caidreamh rialta le tuismitheoirí, caidreamh le hoifigigh leasa oideachais, agus Gradaim Mhíosúla maidir le cúrsaí Tinrimh. Áirítear ar a tionscnaimh éagsúla: Áireamh Laethúil, Táblaí Sraithe, Oifigeach Monatóireachta, Teachtaireachtaí Téacs, Caidreamh le SCP, Clinicí Tinrimh agus Teastais Mhíosúla maidir le Tinreamh.

An tráth a raibh na scoileanna dúnta mar gheall ar COVID-19, rinne lucht meánbhainistíochta sna scoileanna uilig monatóireacht ghéar ar na rátaí tinrimh agus tugadh tuairisc don lucht bainistíochta sinsearach agus do lucht na seirbhísí taca sna scoileanna má bhí gá le bearta breise. Bhí caidreamh i gceist ina leith seo leis na ceannairí sinsearach, an Comhairleoir Treorach, lucht SCP, Meitheal Cúraim na Scoile et al.

Cloí leis an Scolaíocht:

Tá stádas DEIS ag baint le 7 gcinn de scoileanna BOOLI. Ag teacht le pleanáil DEIS, cuireann scoileanna roinnt straitéisí i bhfeidhm ar mhaithe le cur le ráta na ndaltaí a leanann leis an scolaíocht go ceann cúrsa. Áirítear orthu sin, caidreamh leis an tseirbhís Treoir Scoile Uile agus nacláir TSCS, an Idirbhliain, ATF, GCAT agus *Stepping over to Secondary* (cúnamh do dhaltaí aistriú ón mbunscolaíocht go dtí an dara leibhéal) a chur ar fáil. Áirítear ar na bearta tacaíochta eile sna scoileanna, an fhoireann maidir leis an gCaidreamh idir an Baile, an Scoil agus an Pobal, Clár Críochnú Scolaíochta, an Fhoireann Cúraim, Comhairleoir Treorach, béilí scoile, clubanna bricfeasta, clubanna dinnéir agus staidéar tar éis scoile. Coinnítear súil agus tuairisc go míosúil ar na rátaí coinneála maidir le cúrsaí iar-Ardteistiméireachta d'fhonn a chinntiú go dtugtar cúnamh do mhic léinn fásta má bhíonn fadhbanna acu le tinreamh. Cláraítear ar an gcóras PLSS iad chun críche monatóireachta.

Leibhéil Gnóthachtála:

D'fhonn monatóireacht a dhéanamh ar leibhéal níos leithne, éilíonn BOOLI ar gach scoil torthaí scrúduithe scoile don tSraith Shóisearach agus don Ardteistiméireacht a chur faoi bhráid Stiúrthóir na Scoileanna. Cinntítear le straitéisí AFL a chur i bhfeidhm sna scoileanna ar fad go gcothaítear spéis an dalta, difreáil, aiseolas maith i scríbhinn, anailís leanúnach ar thorthaí i ngach scoil, spriocanna soiléire a leagan amach, an clár TSCS, tástáil DATS/CATS, tráthnónta faisnéise do thuismitheoirí agus SCP.

An tSraith Shóisearach 2020:

Nuair a fógraíodh nach mbeadh scrúduithe na Sraithe Sóisearaí á reáchtáil sa bhliain 2020, d'aontaigh scoileanna BOOLI cur chuige leanúnach maidir le measúnacht SS a thabhairt chun cinn agus a chur i bhfeidhm. Tugadh san áireamh leis sin bearta measúnachta inmheánacha a bhí le déanamh ag gach dalta scrúdaithe ar líne nó le seoladh ar an bpost agus le marcáil ag na múinteoirí agus ansin na torthaí le cur in iúl do na daltaí. Cuireadh tús le Measúnacht na Sraithe Sóisearaí an dara leath de mhí Bealtaine 2020 le bearta measúnachta ábhair á n-eisiúint ag 7 gcinn den 8 scoil le daltaí an tríú bliana lena marcáil roimh an 29 Bealtaine 2020. Chuidigh na bearta measúnachta sin a eisiúint le spéis na ndaltaí a chothú go dtí deireadh an téarma scoile.

An Ardteistiméireacht 2020:

Chríochnaigh 462 dalta an cúrsa oideachais dara leibhéal i mí Meitheamh 2020. Mar gheall ar COVID-19, cuireadh scrúduithe na hArdteistiméireachta ar ceal agus cuireadh Córas na nGrád Ríofa ina n-ionad.

Nuair a tharla i mí Bealtaine 2020 scrúduithe na hArdteistiméireachta a chur ar ceal, thug BOOLI cúnamh taca do na scoileanna maidir le próiseas na nGrád Ríofa trí chaidreamh leanúnach a chinntiú agus an scéal ba dheireanaí a chur ar fáil do na scoileanna. Tá moladh tuillte ag ceannairí na scoileanna agus ag an bhfoireann teagasc maidir le próiseas na nGrád Ríofa a chur i gcrích go sásúil. Chuir na Múinteoirí Ábhair marcanna céatadáin ar fáil maidir le gach dalta chomhmaith le hord na ndaltaí sa rang. Ina dhiaidh sin, d'oibrigh na múinteoirí i gcomhar lena gcuid comhghleacaithe ionas gur cinntíodh an próiseas maidir le marc céatadáin a mheas agus na daltaí a chur in ord a chur i bhfeidhm mar ba cheart. (Ailíniú Marcanna Scoile). Rinne Príomhoide na scoile athbhreithniú ansin ar na sonraí a chuir an fhoireann faoina mbráid agus cuireadh sin ar aghaidh chuig an Roinn Oideachais agus Scoileanna don chéim dheireanach den obair maidir le Caighdeánú Náisiúnta.

Ghnóthaigh daltaí BOOLI torthaí sármhaithe agus fuair 44.7% de na daltaí níos mó ná 400 pointe.

Dul chun Cinn:

Leagadh amach Teimpléid Tuairiscíochta maidir le Dul chun Cinn agus scaipeadh iad ar na Treoirchomhairleoirí i scoileanna BOOLI i rith Mheán Fómhair 2020. Tá d'aithne leis na tuairiscí sin forléargas a thabhairt ar bhealaí chun cinn ag na daltaí ar fhágáil na scoile dóibh gach bliain. Rinne 462 dalta an Ardteistiméireacht sa bhliain 2020. Chuaigh 227 i mbun oideachas 3ú leibhéal, 65 i mbun cúrsa Iar-Ardteistiméireachta, 21 i mbun printíseachta, 52 i mbun fostaíochta agus roghnaigh triúr an Ardteistiméireacht a athdhéanamh, ghlac 55 bliain shaor nó d'fhill siad ar a dtír

dúchais, chuaigh ceathrar isteach in Óglaigh na hÉireann, duine leis an Líonra Náisiúnta Foghlama, duine i mbun staidéir thar lear agus beirt eile ina gcónaí thar lear. Níor luaigh fuílleach na ndaltaí an bealach chun cinn a bhí roghnaithe acu.

Gradaim Acadúla:

Mar gheall ar shrianta COVID-19, níorbh fhéidir le BOOLI na Gradaim Bhliantúla maidir le Sárfeabhas Acadúlachta a eagrú ar an ngnáthbhealach. Dá ainneoin sin, ba mhór an chúis áthais ag BOOLI an obair iontach a rinne na daltaí a bhí ag dul faoi scrúduithe bliain chomh neamhghnách léi a thréaslú leo. Bronnadh duaiseanna ar 16 dalta Ardteistiméireacht mar gheall ar na torthaí acadúla ab fhearr ina scoil féin a bhaint amach agus seoladh pacáiste gairdis agus duais chuig gach dalta i ndeireadh mhí Meán Fómhair mar gheall ar an éacht a bhí déanta acu.

Cúnamh Taca don Dalta:

Cuirtear seirbhísí tacaíochta ar fáil go leanúnach don dalta i scoileanna BOOLI. Áirítear ar na seirbhísí sin Teagascóir Ranga, Treoirchomhairleoir, Caidreamh idir an Baile agus an Scoil agus cúnamh tréadchúraim. Bhí tábhacht faoi leith leis na seirbhísí sin an tráth a raibh na scoileanna dúnta agus is mór a chuidigh cúnamh chun imní na ndaltaí a mhaolú, go háirithe daltaí a bhí ag dul faoi scrúdú, ionas gur fhan siad folláin i rith na géarchéime.

Cuireadh cúnamh taca ar fáil maidir le haistriú ón mbunscoil go dtí an iarbhunscolaíocht le tionscnaimh do leanaí i Rang a Sé agus leis an gClár Críochnú Scoile. Coinníonn Stiúrthóir na Scoileanna tuairisc gach bliain ar chuaipteanna cigireachta ar na scoileanna. Níor tharla bearta cigireachta de chineál ar bith i rith na bliana 2020. Cuireadh tús leisan obair maidir le Ráitis Sláinte agus Sábháilteachta a leagan amach agus le Measúnacht Baoil i mí Deireadh Fómhair 2020.

2.4 Feabhas ar áiseanna agus ar acmhainní

Bhí barrthábhacht i gcónaí ag BOOLI le forfheabhsú ar áiseanna scoile.

- Coláiste Pobail Bhaile na gCros, feitheamh le Meitheal Dearthóireachta a cheapadh. Tugtar san áireamh leis an bhforbairt atá beartaithe, giomnáisiam ilúsáide agus áras aclaíochta, seomra ceoil fuaimdhíonach, leabharlann nua-aimseartha agus saotharlanna maidir le Grafaic Dearthóireacht agus Cumarsáide, Ealaín agus Eolaíocht.
- Coláiste Cholumba, Cill Liúcainne, 'Céim 1' ar siúl agus ag feitheamh faoi láthair le cead dul ar aghaidh leis an gCruinniú Tosaigh leis an Meitheal Dearthóireachta. 7 ngnáthsheomra ranga, 1 seomra SET, 1 Saotharlann Eolaíochta agus Spás Ullmhúcháin, Seomra Grafaic Dearthóireacht agus Cumarsáide, Seomra Ceoil agus Seomra Teicstíle agus 2 Sheomra Ranga SEN bunúsach, maille le cóiríocht choimhdeach. Foireann réamhdhéanta a athrú, 1 ghnáthsheomra ranga, 1 spás itheacháin gnáthúsáide, 1 seomra Tógála agus seomra Ullmhúcháin agus foirgneamh réamhdhéanta 32m² a thabhairt chun bealaigh.

Áirítear ar na tograí eile atá leagtha amach maidir leis na scoileanna:

- **Ardscóil Phadraig:** Tús oibre maidir le cóiríocht bhreise a chur ar fáil mar gheall ar ardú ar uimhreacha na scoile.
- **Coláiste Cholumba, Cill Liúcainne:** Ollobair leathnúcháin mar a leagtar amach thuas agus cóiríocht éigeandála bhreise a chur ar fáil mar gheall ar ardú ar na huimhreacha, tugadh chun críche i mí na Samhna 2020.
- **Coláiste Pobail Bhaile na gCros:** ollobair leathnúcháin mar a leagtar amach thuas.
- **Coláiste Pobail Bhéal Átha Liag:** Cuireadh sconsaí isteach a fhágann an scoil níos sábháilte. Ar na tionscadail eile, tá bealach éalaithe ó dhóiteán a cheannach agus a chur isteach.
- **Coláiste Pobail an Mhuilinn Chearr:** Iarratas curtha faoi bhráid na Roinne maidir le leathnú agus athchóiriú iomlán ar an scoil. Ar an obair eile atá i gceist, tá forfheabhsú ar áiseanna leithris agus ar an gcóras uisce chomh maith le foirgneamh réamhdhéanta a cheannach.
- **Teampall Mhichíl:** Athchóiriú ar an seomra Eacnamaíocht Bhaile.

Maoiniú breise mar gheall ar COVID-19:

Chuir an Roinn Oideachais cistí breise ar fáil do na scoileanna ionas go bhféadfaí athrú a chur ar fhoirgnimh scoile sa chaoi is go mbeadh na treoirilínte sábháilteachta maidir le COVID á sásamh. Ar an obair a cuireadh i gcrích, bhí téastair a chur suas, pubaill, mionobair chóiriúcháin ionas go bhféadfaí córas imthrialla le bealach amháin isteach agus bealach amháin amach a úsáid, athchóiriú/forfheabhsú ar sheomra agus ar hallaí, cóiríocht breise i bhfoirgnimh réamhdhéanta, agus spás breise ar cíós do na cláir IAT ionas go bhféadfaí breis spáis ag daltaí iarbhunscolaíochta.

Tograí Seachtracha

Cuidíonn BOOLI freisin, ar sin a iarraidh don Roinn Oideachais agus Scileanna, le 3 cinn de scoileanna náisiúnta sa cheantar maidir leis an mbainistíocht ar olltograí leathnúcháin, bunscoil N. Tóla, Gaelscoil an Longfoirt agus SN N. Seosamh, an Longfort. Tugadh an próiseas tairisceana maidir le dhá scoil chun críche i rith na bliana 2020.

Music Generation:

Tá tús curtha leis an obair ar áit stórála don taisce uirlisí.

Láithreán Gréasáin:

Tá láithreán gréasáin nua BOOLI beo ó mhí Eanáir 2020. Is féidir ceangal le láithreán gréasáin BOOLI ar www.LWETB.ie

2.5 FGL/ Foirne Meantóireachta

FGL ar scoil:

Cuidíonn BOOLI le gach duine den fhoireann tabhairt faoi FGL agus déantar iad a spreagadh chuige. Ar na cúrsaí ar bhain baill foirne na scoileanna tairbhe astu i rith na bliana 2020, áirítear FGL maidir le córais QQI, Ceannaireacht i mbun Treorach, PDST, Spriocanna maidir le Forbairt

Inbhuanaithe, Prionsabail Majenta, Treoir inseirbhíse, RSO, siollabas nua AT maidir le hEolaíocht Talmhaíochta, Oiliúint maidir le Titimeas.
Cuireadh Droichead ar fáil i gcúig cinn de na scoileanna le 14 meantóir.

Cláir Tionscnaimh BOOLI:

Éilítear ar an uile dhuine den fhoireann teagaisc a thosaíonn i mbun fostaíochta le BOOLI teacht i láthair ag Lá Tionscnaimh do Bhaill Nuacheaptha den Fhoireann Teagaisc. Mar gheall ar na srianta a bhain le COVID-19, ba ghá na seisiúin ionductúcháin agus tionscnaimh ar fad a eagrúar bhonn cianchruinnithe. Bhí 18 ball foirne nuacheaptha páirteach i Seisiún Tionscnaimh don Fhoireann Dé hAoine, an 28 Lúnasa.

D'fhreastail beirt Phríomhoidí de chuid BOOLI agus aon Leas-Phríomhoide amháin ar Chomhdháil BOOÉ do Cheannairí Nuacheaptha a heagraíodh ar bhonn cianchruinnithe an 17 Lúnasa agus an 30 Meán Fómhair. Chuir Stiúrthóir Scoileanna BOOLI oiliúint ar fáil maidir le Boird Bainistíochta ar an dara lá den chomhdháil.

Bhí Príomhoidí uile BOOLI páirteach i 9 gcinn de sheisiúin le saineolaí seachtrach maidir le cúrsaí folláine. Bhí an clár seo dírithe ar chúrsaí ceannaireachta tráth géarchéime agus ar chothú folláine. Chuir Oifigeach Forbartha Music Generation agus an Stiúrthóir Scoileanna, Ógra agus Ceoil clár ionductúcháin ar fáil do na hOidí Ceoil nuacheaptha ar fad ar an 1 Deireadh Fómhair 2020.

Oiliúint ar an Láthair:

Chuir Ceannaire na Seirbhísí Corparáide Oiliúint ionductúcháin ar fáil do bhaill foirne ar Ghrád 3 i gcomhar leis an Stiúrthóir Scoileanna, Ógra agus Ceoil. Chuir daoine den fhoireann Airgeadais, GDPR agus Acmhainní Daonna lón ábhair i láthair i rith an lae.

Soláthar FGL don lucht Foirne CRS:

Rinneadh clár cuimsitheach FGL a leagan amach agus a chur ar fáil ar mhodh cianchruinnithe i rith mí Meitheamh 2020 do 44 ball foirne CRS. Tugadh san áireamh leis an gclár oiliúna:

- TEC - Microsoft Teams a úsáid.
- Clár rFhoghlama maidir leis an tSláinte Mheabhrach – Buneolas maidir le Sláinte Mheabhrach Dhaoine Óga – Jigsaw.
- Clár rFhoghlama do Mhúinteoirí maidir leis an tSláinte Mheabhrach Cúrsa B – Cur chuige uile scoile maidir leis an tsláinte meabhrach.
- Féinchúram do Mhúinteoirí
- Oiliúint maidir leis an Rialachán GDPR.
- Traenáil maidir leis an EPI Pen a úsáid go sábháilte.
- Déileáil le Diaibéiteas.

Bearta eile FGL sna scoileanna i rith na bliana 2020:

Eagraíodh bearta eile FGL maidir leis na hábhair seo a leanas, an tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí, Tús Áite ag Leanaí, OSPS, VS Ware, ATF, DCG, RSE, Oiliúint de chuid na Seirbhíse Náisiúnta Tacaíochta Iompraíochta, Get Up Stand Up, Parents Plus, Misneach, Oiliúint Tánaiste, OneNote, Seimineáir Gréasáin, MS Teams agus eile.

Music Generation:

D'fhreastail Oifigeach Forbartha Ceoil BOOLI ar imeachtaí éagsúla oiliúna mar chuid den obair ullmhúcháin maidir le Music Generation an Longfoirt a thabhairt i bhfeidhm. Áirítear ar na seisiúin oiliúna a bhí i gceist:

- 4 Feabhra: Ionductú - An Ceoláras Náisiúnta
- 5 Feabhra: Réamheolas maidir le pleanáil cláir - An Ceoláras Náisiúnta
- 24 Feabhra: Athbhreithniú faoin gCreatóras Ardchaighdeán - Réamheolas maidir le bailiú fianaise
- 13, 20, 27 Bealtaine agus 3, 10, 17 Meitheamh - Athbhreithniú faoin gCreatóras Ardchaighdeán (Athbhreithniú maidir le teagasc do ghrúpaí beaga a chur ar fáil ar ardán ar líne).

- Clár Ionduchtúcháin – BOOLI – 1 seachtain i rith mí Eanáir 2020
- Cruinnithe tacaíochta agus meantóireachta ar siúl go leanúnach le hOifigeach Forbartha MGL agus an Stiúrthóir Scoileanna, Ógra agus Ceoil chun cúnamh taca a chur ar fáil, tuairiscí ar an dul chun cinn a chur i láthair agus tuairiscí eile a thabhairt.

Sprioc 3: Cumarsáid, comharobair agus páirtnéireacht den éifeachtúlacht a chothú

3.1 An Straitéis TEC, lena n-áirítear struchtúr maidir le córais agus cláir a athúsáid

Tá Straitéis Eolais agus Teicneolaíochta BOOLI agus an Straitéis Eolais agus Teicneolaíochta maidir le Teagasc agus Foghlaim sna Scoileanna, sa Bhreiseoideachas agus san Oiliúint curtha le chéile. Ag teacht leis an Ráiteas Straitéise 2017 – 2022, féachann BOOLI le slánchóiriú na teicneolaíochta agus forbairt scileanna a thabhairt chun cinn agus a chur i bhfeidhm maidir le gach duine d'fhoireann an BOO, de na daltaí agus de na geallsealbhóirí. Leagtar amach sa cháipéis seo an straitéis trína dtabharfar riachtanais infreastruchtúir na heagraíochta chun suntais agustrína gcuideofar le TEC a chóiriú sa chaoi is go gcuirtear bonn faoi fhoghlaim, faoi theagasc, faoi oiliúint agus faoi fheidhmeanna riaracháin ar ardchaighdeán ar fud BOOLI.

Áirítear ar na cuspóirí a leagtar amach, leas tairbheach a bhaint as an teicneolaíocht sa seomra ranga, feabhsú scileanna TEC an uile dhuine den fhoireann, acmhainní ar ardchaighdeán agus ardáin don fhoghlaim dhigiteach a úsáid.

Bíonn Office 365 in úsáid ag scoileanna uile BOOLI agus tá roinnt scoileanna a úsáideann teicneolaíocht IPad. Tá Coistí maidir le Foghlaim Dhigiteach curtha ar bun i gcúig cinn de na scoileanna agus leathnú na gcoistí sin ar siúl i gcónaí.

Rinneadh infheistíocht mhór i ngléasanna do na scoileanna ar fad, go háirithe maidir le daltaí na ranganna a bhí ag dul faoi scrúdú. Ceannaíodh 430 gléas i rith na bliana 2020 chun cuidiú le foghlaim agus teagasc ar ardchaighdeán sna scoileanna.

3.2 Straitéis Cumarsáide a thabhairt chun cinn

Tá cuid mhór taighde boird déanta mar lón ábhair maidir le Straitéis Cumarsáide BOOLI a chur le chéile. Beidh d'aidhm leis an straitéis cur chuige seasmhach comhleanúnach a chur ar fáil maidir leis an gcumarsáid faoi chlár oideachais agus oiliúna leis na geallsealbhóirí taobh istigh agus taobh amuigh de BOOLI.

3.3 Meithle Comharoibre a Chruthú

Líonraí Comharoibre:

Tá líonraí éagsúla ar bun ag BOOLI chun treisiú le foghlaim, teagasc agus córais cúnta ar ardchaighdeán a chur ar fáil sna scoileanna. Áirítear orthu sin Líonra Riaracháin Scoileanna, Líonra na bhFeighlithe agus na nGlantóirí, Líonra na dTreoirchomhairleoirí, Líonra na gCúntóirí Riachtanas Speisialta agus Líonra na dTuismitheoirí.

Ceannairí Scoile:

D'eagraigh Stiúrthóir na Scoileanna 24 cruinniú ceannairí idir an 20 Márta agus an 10 Nollaig 2020. Eagraíodh cruinnithe breise chun cuidiú leis na ceannairí agus iad ag déileáil lena tharraing paindéim COVID-19.

Eagraíodh cruinnithe pleanála na scoileanna faoi leith i rith na seachtaine idir an 30 Márta agus an 10 Aibreán.

Chomh maith leis córas na gcruinnithe foirmeálta, chuir Stiúrthóir na Scoileanna tús le cruinnithe seachtainiúla 'Caidreamh maidir le Folláine na gCeannairí' do na Príomhoidí agus do na Leas-Phríomhoidí i mí Lúnasa 2020 a bhí ar siúl go dtí deireadh mhí na Nollag 2020. Leanfaidh sin ar aghaidh i rith na bliana 2021.

3.4 Forfheabhsú ar an gcomhar páirtnéireachta agus cónaidhme le geallsealbhóirí agus comhlachtaí seachtracha

Tá BOOLI páirteach i mbearta comhpháirtíochta seachtracha agus déanann daoine den lucht bainistíochta sinsearach ionadaíocht thar ceann na heagraíochta ar ghrúpaí áirithe.

Tograí:

Tá Coláiste Theampall Mhichíl, an Longfort agus Coláiste Pobail an Mhuilinn Chearr ag obair i gcomhar le hInstitiúid Teicneolaíochta Áth Luain agus le hOÉ Má Nuad maidir le togra píolótach Connect. Tá an clár seo dírithe ar dhaltaí sa 5ú bliain agus beidh sé ar siúl ó dheireadh mí Eanáir go tús mí Márta 2020. Tá de chuspóir le clár cóitseála Connect seo ITÁL agus an Coláiste caidreamh a chothú le daltaí na sraithe sinsearaí a bhfuil cónaí orthu i limistéir lena mbaineann ráta íseal ó thaobh dul ar aghaidh go dtí an córas ardoideachais agus a bhfuil deacrachtaí móra á gcur rompu a bhaineann le míbhuntáiste socheacnamaíochta. Leagadh an clár amach sa chaoi is go bhfaigheann na daltaí taithí thaitneamhach bhríomhar ar an gcoláiste trí fhreastal ar cheardlanna a bhaineann go sonrach le cúrsaí atá ar fáil agus bíonn mic léinn sa choláiste ina meantóirí ag na daltaí ó thús go deireadh.

Geallsealbhóirí Eile:

CLG Chill Liúcainne, Shay Murtagh Precast, Ráth Fhearna Aontaithe, Trend, CLG Sheamróga an Mhuilinn Chearr, Comhar Creidmheasa an Mhuilinn Chearr, Permanent TSB an Mhuilinn Chearr. Daybreak, an Muileann gCearr. BITC - Mergon International BITC - Comhairle Chontae na hIarmhí, CSL, Gardaí an cheantair, Bridgeways, Foróige. Ógra an Longfoirt. SCP. Attic youth, an Longfort, CLG Ráth Claon agus N. Failteach, cumann sacair Ballyboro, Comórtas na mBailte Slachtmhara, Cumann Rugbaí Buccaneers, Cumann Gailf Bhaile Átha Luain, Cumann Galf Dhá Mhaide Bhaile Átha Luain, Comórtas na mBailte Slachtmhara, Drug Awareness Bhaile Átha Luain, Leabharlann Bhaile Uí Mhatháin, Comórtas na mBailte Slachtmhara, cumainn áitiúla uile CLG, an tIonad Acmhainne do Theaghlaigh, an Comhar Creidmheasa, Knights & Conquests, Gardaí an cheantair, Ionad Eachaíochta an Mhuilinn Chearr, Leabharlann Contae Chontae na hIarmhí, an Chomhairle Ealaíon.

Ionadaíocht thar ceann BOOLI:

Déanann Stiúrthóir na Scoileanna fónamh ar na coistí seo a leanas:

- Music Generation Uíbh Fháilí agus na hIarmhí
- An Grúpa Stiúrtha Náisiúnta maidir le hAistriú
- BOOE - SS Príomhcheannaire maidir le hIlchuimsitheacht
- BOOE - SS Príomhcheannaire Cúnta maidir le DEIS
- BOOE – comhalta den Tascghrúpa FGL
- Comhchathaoirleach – Lónra Náisiúnta na bPríomhoidí.
- Cathaoirleach, Tascghrúpa RSO BOOLI
- Comhalta ar Choiste Cúram Leanaí Chontae an Longfoirt
- Coiste Forbartha na gCeannairí Meánleibhéil

Music Generation:**Music Generation Uíbh Fháilí agus na hIarmhí (MGUFI).**

Cuireann BOOLI, i gcomhar le Comhairle Chontae Uíbh Fháilí (an Príomhpháirtneir), Comhairle Chontae na hIarmhí agus Bord Oideachais agus Oiliúna Laoise agus Uíbh Fháilí, cláir Music Generation ar fáil do dhaoine óga ar fud Chontae na hIarmhí. Oibríonn ceoltóirí MGUFI le breis agus 6,000 duine ar fud Uíbh Fháilí agus na hIarmhí ag cur tionscnaimh éagsúla ar fáil do leanaí agus do dhaoine óga, lena n-áirítear cláir atá dírithe ar amhránaíocht agus ar cheol uirlise a theagasc, chomh maith le deiseanna compántais a thabhairt chun cinn. Déanann Stiúrthóir na Scoileanna ionadaíocht thar ceann BOOLI ar an ngrúpa bainistíochta agus bhí i láthair ag cruinniú ar an 8 Bealtaine 2020.

Music Generation an Longfoirt

Is breá le BOOLI a bheith ag obair i gcomhar le Comhairle Chontae an Longfoirt, Oifig Náisiúnta Music Generation agus Éire Ildánach maidir le cláir Music Generation a chur ar fáil i gContae an Longfoirt. BOOLI an Príomhpháirtneir. Fostaíodh Oidí Ceoil faoi stiúir Oifigeach Forbartha Music Generation agus tá oifig Music Generation suite in Oifig BOOLI, Bóthar an Bhataire, an Longfort.

Sprioc 4: Struchtúr eagrúcháin den éifeachtúlacht a thabhairt chun cinn

4.2 Cur chuige a thabhairt chun cinn lena gcothaítear acmhainneacht maidir le bainistiú athraithe

Lean BOOLI ag cur leis na cláir oiliúna ceannaireachta d'fhonn struchtúr bainistíochta meánleibhéil a bhunú sna scoileanna ar fad. Leagadh amach teimpléid tuairiscíochta do Phríomhoidí maidir le treoir agus cúnamh taca a thabhairt i gcruinnithe le Príomhoidí Cúnta agus maidir le tuairiscí. Scaipeadh sin ar na scoileanna ar fad. Eagraíodh cruinnithe faoi leith le gach scoil roimh laethanta saoire na Nollag 2019 chun cáipéisí a scrúdú mar chuid den ullmhúchán maidir le cruinnithe rialta athbhreithnithe i rith na bliana 2020. Mír ar chlár an chruinnithe ag cruinnithe ceannairí.

4.3 Dea-ghnás rialachais a bhuanú ar fud BOOLI

Tugadh faisnéis rialta do na scoileanna maidir leis na hathruithe leanúnacha ar choinníollacha faoin reachtaíocht. Rinneadh na Cláir Baoil a athbhreithniú agus a leasú ar mhaithe le monatóireacht agus tuairiscíocht leordhóthanach ar réimsí baoil. Coinníonn na scoileanna caidreamh ar bun le Stiúrthóir na Scoileanna agus leis an Stiúrthóir TFE maidir leis an mbainistíocht ar réimsí baoil, freagracht agus cúrsaí comhlíontais agus bhí sin ar chlár an ábhair don Chruinniú Pleanála Comhtháite le gach ceann de na scoileanna.

Polasaí Iontrála na Scoile.

Leag gach scoil de chuid BOOLI an Polasaí Iontrála amach go críochnúil i gcomhréir leis an reachtaíocht reatha dar tosach feidhme an 1 Deireadh Fómhair 2020.

Chuaigh Stiúrthóir na Scoileanna i mbun caidrimh thar ceann BOOLI, comhphátrún, le Pobalscoil na Maighne agus le Coláiste Pobail an Mhóta chun Polasaí Iontrála na scoileanna sin a aontú.

Coinníollacha maidir le COVID-19

Tugadh gach gnás oibre maidir le filleadh go sábháilte ar an obair i bhfeidhm i ngach ceann de na scoileanna. Faoi ar a éilíodh maidir le Filleadh go Sábháilte ar an Ionad Oibre, cuireadh tascmheitheal le chéile taobh istigh de BOOLI. Bhí ionadaíocht ag na scoileanna ar an meitheal seo le 1 Phríomhoide amháin, 1 Leas-Phríomhoide amháin agus Stiúrthóir na Scoileanna. Líon gach duine de phobal na scoile isteach an cháipéisíocht uilig a bhain le hábhar chomh maith le gach dearbhú a bhí dlíthe a thabhairt faoi na treoirínte. I gcomhréir le coinníollacha breise, d'ainmnigh gach ceann de na scoileanna, trí thoghchán a eagrú, Príomhionadaí na nOibrithe a chuideodh leis an scoil agus leis an lucht ceannaireachta i mbun na dtreoirínte ar fad maidir le sábháilteacht sláinte poiblí a chur i bhfeidhm. Líonadh isteach Plean Beartaíochta COVID-19 i ngach ceann de na scoileanna.

Scrúduithe an Stáit ar ceal:

Caidreamh leanúnach le lucht ceannaireachta na scoileanna maidir le Measúnacht na Sraithe Sóisearaí agus córas na nGrád Tuartha don Ardteistiméireacht a chur i bhfeidhm. Eagraíodh cruinnithe de réir sceidil agus ar bhonn ciancheangail ionas go gcinnteofaí cloí leis na treoirínte ar fad de réir mar a d'eisigh an Roinn. Cuireadh cúnamh taca ar fáil freisin do Choimisiún na Scrúduithe Stáit maidir le páipéir scrúdaithe a mharcáil.

Cúrsaí Comhlíontais:

Tugtar an t-eolas is deireanaí go rialta do cheannairí na scoileanna faoi na coinníollach rialachais corparáide agus a leagtar de chúram orthu maidir le Ciorcláin, an Rialachán GDPR, Cosaint Leanaí, an Bille Oideachais (Ligean Isteach i Scoileanna etc. ag cruinnithe ceannairí scoile. Sheol na scoileanna ar fad Cláir Bainistíú Baoil isteach uair sa ráithe. Ghlac aon scoil amháin páirt sa chéad bhabhta beartaíochta maidir le Ráiteas Sláinte agus Sábháilteachta a chur le chéile agus rinne na scoileanna ar fad iniúchadh maidir le riachtanais meicniúla agus leictreachais, trealamh oiriúnach don chuspóir etc.

4.4 Páirt a ghlacadh i dtionscnaimh agus i bhfóiraim náisiúnta

Leanann BOOLI agus an Stiúrthóir Scoileanna, Ógra agus Ceoil i mbun caidrimh leis an Roinn Oideachais agus Scoileanna agus le BOOE maidir le fóiraim oideachais, grúpaí oibre agus seirbhísí i

gcomhar a thabhairt chun cinn d'earnáil na mBord Oideachais agus Oiliúna. Áirítear ar an mbeartaíocht ina leith sin:

Scoileanna:

Rinne Príomh-Oide Ghairmscoil Bhaile Uí Mhatháin ionadaíocht thar ceann cheannairí scoile BOOLI ar Fhóram na bPríomhoidí Scoile arna eagrú ag BOOÉ. Scaip an t-ionadaí eolas faoi na ceisteanna a pléadh agus an fhaisnéis a cuireadh in iúl ar cheannairí na scoileanna. D'fhreastail Stiúrthóir na Scoileanna ar sheacht gcinn de chianchruinnithe le Fóram Stiúrthóirí Scoileanna BOOÉ ó mhí Márta 2020 i leith.

Samplaí de na Tionscnaimh i rith na bliana 2019:

Brat Gníomhaíochta - Gníomhaíocht Thairbheach Aclaíochta; Brat Ómra - Sláinte Thairbheach Meabhrach; Brat Glas - Aird agus Tuiscint ar Chúrsaí Timpeallachta; Nuálaithe Óga Sóisialta; Maoir Ranga; Ranganna Cócaireachta Saor in Aisce (do thuismitheoirí); Operation Transformation (do thuismitheoirí); Páirtnéireacht leis an lucht tionsclaíochta go háitiúil maidir leis an Idirbhliain; Cuairt Chór na Scoile ar Árais Altranais faoi Nollaig; Club Fiontraíochta na nDaltaí; CúrsaCóitseála CLG don Idirbhliain; Caidreamh leis an lucht tionsclaíochta go háitiúil (e.g. Taithí Oibre, Ullmhú CV etc.); Cláir de chuid an Gharda Síochána (e.g. seisiún tuisceana maidir le cúrsaí drugaí etc.); an Comhar Creidmheasa; Tionscnamh tinrimh maidir le comhaireamh gach lá; Brat FSS maidir le Cur chun cinn na Sláinte ar Scoil; Seachtain Feasachta LADT; Seachtain Feasachta LOI; Seachtain Feasachta na hEolaíochta; Seachtain Feasachta na Matamaitice; Seachtain Feasachta na Sláinte Meabhrach; Bailte Slachtmhara; Ceardlann *Bíodh Múineadh Orainn*; Ceardlann Eitice; Seantuismitheoir ar Altramas; Tionscadal maidir le Litreacha a Scríobh; Saorálaíocht go háitiúil.

Sprioc 5: Cultúr maidir le forbairt leanúnach a chothú leis an lucht foirne

5.1 Straitéis FGL BOOLI

Cuireann BOOLI cúnamh taca leanúnach ar fáil do na scoileanna ar bhealaí éagsúla. Áirítear ar na bealaí sin: cúnamh aonair do cheannairí scoile; Cruinnithe foirne lucht bainistíochta sinsearach na scoile; Freastal ar Chomhdhálacha BOOÉ do Cheannairí Scoile; Freastal ar Chlár Ionduchtúcháin BOOÉ do Phríomhoidí agus do Leas-Phríomhoidí nuacheaptha.

Tuarascáil 2020 maidir leis an Aonad Obair Ógra

Spríoc 1: Seirbhísí oideachais agus oiliúna ar ardchaighdeán atá bunaithe ar an bhfoghlaiméir a chur ar fáil

1.3 Pleanáil agus comhordú ar na cláir

Tugadh Plean Seirbhíse Obair Ógra 2020 chun cinn.

Measúnú agus ceadú iomlán maidir leis na moltaí cistíochta ar fad i ndáil le sraith 2020 – 2023 UBU D'Áit Féin agus do Chuid Spáis Féin.

Aistríodh go sásúil go dtí scéim cistíochta nua dírithe ar chúrsaí ógra i mí Iúil 2020. Cuireadh Tuairisc Bhliantúil ar an Dul chun Cinn 2019 faoi bhráid na Roinne Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige (R/LCMLÓ)

Measúnú agus ceadú iomlán maidir leis na hiarratais faoi UBU D'Áit Féin agus do Chuid Spáis Féin agus Stádas RAG Glas maidir le gach ceann de 7 thionscadal.

Suirbhé agus tuairisc mhíosúil MS Teams faoi Bhearta maidir le COVID-19 leis an Oifigeach Ógra i ndáil le seirbhísí ógra a chur ar fáil i rith thréimhse na dianghlasála.

Creatchóras Feidhmíochta agus Maoirseachta a chur i bhfeidhm maidir le scéim nua UBU ó mhí Iúil 2020.

Treisíodh leis na seirbhísí maidir le haistriú an Aonaid Obair Ógra go dtí modhanna cianoibre mar gheall ar shrianta COVID-19.

Cúnamh taca do sholáthraithe maidir leis an obair riaracháin ar 9 gcinn de thionscadail faoi stiúir na foirne.

1.4 Soláthar do Dhearbhu Cáilíochta

Suirbhé míosúil MS Teams agus tuairisc faoi bhearta seirbhísí óige maidir le COVID i rith thréimhse na dianghlasála.

Creatchóras nua Feidhmíochta agus Maoirseachta maidir le Scéim nua UBU i mí Iúil 2020

Maoirseacht maidir le tionscadal le cistíocht na Roinne Sláinte i gcomhar le FSS agus Tascfhórsa Réigiúnach Drugaí agus Alcóil Lár Tíre (TFRDALT)

1.5 Seifteanna den nuáil a thabhairt chun cinn maidir leis na riachtanais faoi láthair agus san am atá le theacht

Bliain iomlán de thogra nua saindírithe maidir le hobair óige a chur ar fáil i gContae an Longfoirt.

Cúnamh taca agus cabhair deontais do 30 grúpa agus club óige faoi stiúir shaorálaithe.

Obair i gcomhar le Music Generation an Longfoirt maidir le tionscnaimh oideachais ceoil a chur ar fáil le tionscadail áitiúla ógra.

Seirbhís maidir le Drugaí agus Alcól ag daoine faoi 18 a Chosc agus Seirbhís Tacaíochta Cóireála a chur ar fáil go leanúnach i gContae an Longfoirt agus i gContae na hIarmhí (Tionscadal Seach.) i gcomhar le Tascfhórsa Réigiúnach Drugaí agus Alcól Lár Tíre (TFRDALT) agus FSS.

Obair riaracháin agus forfheidhmiúcháin maidir le bearta agus deontais nua ón R/LCMLÓ i ndáil le COVID-19

Sprioc 2: Forfheabhsú ar a dtaitíonn an foghlaiméir agus ar thoradh na foghlama

2.4 Feabhas ar áiseanna agus ar acmhainní

Ceadaíodh €26,715 do 3 cinn de thionscadail óige faoi stiúir bhaill foirne maidir le hobair riachtanach deisiúcháin, forfheabhsú ar áiseanna agus trealamh a cheannach.

Ceadaíodh €17,682 do 25 club deonach agus do sheirbhísí faoi stiúir bhaill foirne maidir le trealamh riachtanach TEC a cheannach.

Ceadaíodh €3,336 do 19 club deonach agus do sheirbhísí faoi stiúir bhaill foirne maidir le bearta riachtanacha i ndáil le COVID-19

Sprioc 3: Cumarsáid, comharobair agus páirtnéireacht den éifeachtúlacht a chothú

3.4 Forfheabhsú ar an gcomhar páirtnéireachta agus cónaidhme le geallsealbhóirí agus comhlachtaí seachtracha

Oibríodh i gcomhar le Music Generation an Longfoirt maidir le hoideachas ceoil a chur ar fáil trí thionscadail óige go háitiúil.

- Rinne an tOifigeach Óige ionadaíocht thar ceann BOOLI ar na grúpaí agus na coistí seo a leanas i rith na bliana 2020:
- LCDCh na hIarmhí agus Fochoiste Shláinte Éireann san Iarmhí
- Coiste Seirbhísí do Leanaí agus do Dhaoine Óga
- Grúpaí Stiúrtha Chomhairle na nÓg, an Longfort agus an Iarmhí.
- Tascfhórsa Réigiúnach Drugaí agus Alcól Lár Tíre (TFRDALT) & Fochoiste Airgeadais. Meithle RAPID, an Muileann gCearr agus Baile Átha Luain.
- Fóram Spóirt agus Caitheamh Aimsire na hIarmhí
- Grúpaí idirghníomhaireachtaí maidir le tionscadal/seirbhís áitiúil.

Sprioc 4: Struchtúr eagrúcháin den éifeachtúlacht a thabhairt chun cinn

4.3 Dea-ghnás rialachais a bhuanú ar fud BOOLI

€975,116 an buiséad iomlán a bhí ag an Aonad Obair Ógra, ardú 20%.

Rinne an tAonad Obair Ógra an riarachán maidir le 11 scéim cistíochta faoi leith thar ceann na Roinne LCMLÓ agus dhá scéim thar ceann na Roinne Sláinte.

Rinne an tAonad Obair Ógra an riarachán maidir le €708,425 de chistíocht do 9 gcinn de thionscadail faoi stiúir bhaill foirne agus 30 grúpa deonach agus club.

Rinneadh an riarachán maidir le 123 íocaíocht/idirbheart faoi leith.

Rinneadh monatóireacht ar na sruthanna cistíochta ar fad i rith na bliana agus chuir an fheidhm airgeadais i gceannoifig BOOLI agus an SS maoirseacht bhreise ar fáil.

Tugadh Measúnacht Baoil an Aonad Obair Ógra san áireamh ar Chlár Baoil BOOLI.

Ceannródaíocht maidir le dhá scéim nua chúnamh airgid COVID-19.

4.4 Páirt a ghlacadh i dtionscnaimh agus i bhfóraim náisiúnta

D'oibrigh an tAonad Obair Ógra i gcomhar le comhghleacaithe ar fud earnáil na BOO:

- Is comhalta an tOifigeach Óige de Líonra Obair Ógra BOOÉ.
- Is comhalta an tOifigeach Óige de thoscaireacht de chuid BOOÉ a mbíonn cruinniú in aghaidh na ráithe acu leis an RLCMLÓ.

Tuairisc na bliana 2020 maidir le Music Generation

Sprioc 1: Seirbhísí oideachais agus oiliúna ar ardchaighdeán atá bunaithe ar an bhfoghlaim a chur ar fáil

1.3 Pleanáil agus comhordú ar na cláir

Rinne Music Generation an Longfoirt caidreamh le cuid mhór eagraíochtaí i gContae an Longfoirt i rith na bliana 2020.

Seirbhísí Óige Chontae an Longfoirt:

D'oibrigh Music Generation i gcomhar le Seirbhísí Óige Chontae an Longfoirt agus cuireadh cláir cheoil ar fáil do thrí ghrúpa dá gcuid:

Grúpa teagasc giotáir le daoine óga faoin soláthar díreach

Teagasc mol banna do dhaoine óga as dhá dhream de mhuintir na Romach

Coiste Cúram Leanaí Chontae an Longfoirt:

Chruthaigh Music Generation comhar páirtnéireachta le CCLCL chun clár pólótach Luathóige an Fhómhair a chur ar fáil in 11 ionad cúram leanaí trí chóras léiriú spéise agus crannchuir. Mar gheall ar shrianta COVID-19, níorbh fhéidir leis na hoidí ceoil an clár seo a chur ar fáil ar an láthair. Le fonn beartaíocht den nuáil a dhéanamh, rinne Music Generation taifeadadh agus eagarthóireacht ar fhíseáin aithrise a bheadh le feiceáil ag na leanaí agus deis acu bogadh thart leis an gceol. Cuireadh na físeáin ar fáil do na hionaid cúram leanaí ar fad i gContae an Longfoirt. Cuireadh pacáistí uirlisí ceoil le chéile agus tugadh ar iasacht iad don aon ionad cúram leanaí a léirigh spéis sa chlár ón tús le húsáid in éineacht leis na físeáin.

Foróige an Longfoirt:

D'oibrigh Music Generation i gcomhar le Foróige an Longfoirt maidir le dhá chlár a chur ar bun.

Mol banna le grúpa ceoil Fhoróige

Cúrsaí ar líne do thosaitheoirí i dteicneolaíocht an cheoil

Music Generation an Longfoirt - cláir ceoil ar líne:

Chuir Music Generation tús le moil ceoil, ar na gcur ar fáil ar ardán ar líne, de réir na réimsí seo a leanas

Music Generation an Longfoirt - cúrsa ar líne maidir le hamhráin a chumadh

Music Generation an Longfoirt - cúrsa ar líne maidir le léiritheoireacht ceoil

Music Generation an Longfoirt - mol rac-cheoil/popcheoil ar líne – teagasc do ghrúpaí beaga maidir le hamhránaíocht, méarchlár, ucailéile, giotár, dromaí agus dorduirilís.

Music Generation an Longfoirt - Ceol Traidisiúnta:

D'fháiltigh Music Generation an Longfoirt roimh Dhónal Lunny i mí na Nollag i mbun ceardlann ar líne a chur ar fáil agus cumadóireacht agus cóiriú don cheol traidisiúnta á theagasc aige do leanaí agus do dhaoine óga.

1.4 Soláthar do Dhearbhu Cáilíochta

Tá príomhthábhacht ag Music Generation an Longfoirt le hoideachas i seinm cheoil ar ardchaighdeán. Ghlac an tOifigeach Forbartha Ceoil páirt in athbhreithniú cáilíochta ocht seachtaine maidir le teagasc ceoil a aistriú go dtí ardán ar líne i gcomhar le gach ceann de 25 limistéar Music Generation ar fud na tíre, arna chomhordú ag Oifig Forbartha Náisiúnta Music Generation.

Chuir Music Generation an Longfoirt athbhreithniú leanúnach ar an gcreatchóras cáilíochta i bhfeidhm maidir leis na cláir ar fad. Baineann an chéad bheart athbhreithnithe leis an obair i gcomhar le Seirbhísí Ógra Contae an Longfoirt agus le dreamanna de mhuintir na Romach. Is deis

an próiseas timthriallach seo ag Music Generation an Longfoirt na gnáis oibre a choinneáil faoi athbhreithniú seasta leanúnach ionas go gcinntítear go bhfuil cláir den chaighdeán is fearr á gcur ar fáil.

1.5 Seifteanna den nuáil a thabhairt chun cinn maidir leis na riachtanais faoi láthair agus san am atá le theacht

Mar gheall ar COVID-19, rinne Music Generation an Longfoirt bearta cruthaitheacha chun freastal do riachtanais na linne. Athraíodh cláir ar líne lena gcur i bhfeidhm i rith an fhómhair, ullmhaíodh físeáin in ionad teagasc ar an láthair a dhéanamh, cuireadh feachtas tréan meán cumarsáide sóisialta ar bun chun spéis mhuintir an Longfoirt a spreagadh agus tarraingíodh aird agus tuiscint ar Music Generation an Longfoirt maidir le cláir agus tionscnaimh san am atá romhainn. Bhí gá lá a mbeadh leis a thabhairt triail a bhaint as an bpíob uillinn i rith laethanta saoire lár téarma mhí Deireadh Fómhair a chur ar ceal mar gheall ar shrianta an Rialtais. Ina ionad sin, rinne an t-oide ceoil a bhí ag eagrú na hócáide físeán le tuairisc ar an bpíob uillinn agus caint ar stair na píobaireachta sa Longfort chomh maith le ceol a sheinm.

D'fhéach níos mó ná 5,000 duine ar an bhfíseán agus tarraingíodh aird 14,000 duine ar na meáin shóisialta. Chuir na hoidí ceoil físeáin den chineál céanna ar fáil, ionas go mbeadh eolas ag daoine ar a dtaithí ar an gceol agus ar an uirlis a sheinneann siad agus ag tabhairt le fios don lucht féachana gur féidir foghlaim leis an uirlis sin a sheinm ar ardán ar líne. Nuair a tharlaíonn na srianta a mhaolú, tá spéis cothaithe ionas gur féidir tús a chur le moil ceoil ar fud an chontae.

Spríoc 2: Forfheabhsú ar a dtaithíonn an foghlaimoir agus ar thoradh na foghlama

2.4 Feabhas ar áiseanna agus ar acmhainní

Tá taisce uirlisí ceoil agus leabharlann curtha ar bun ag Music Generation an Longfoirt chun freastal don éileamh maidir le huirlisí ar iasacht ar fud an chontae agus na huirlisí is gá a chur ar fáil ionas gur féidir cláir den rath a eagrú.

Tá BOOLI ag ligean do Music Generation an Longfoirt spás a úsáid ina gcuid oifigí i mBóthar an Bhataire, an Longfort chun aonaid stórála cuí agus seilfeanna a chur ar fáil ann le huirlisí ceoil agus trealamh a stóráil go sábháilte ann chomh maith le córas leabharlainne trína gcoinneofar tuairisc ar na huirlisí ar fad a thugtar amach ar iasacht ar fud an chontae.

Spríoc 3: Cumarsáid, comharobair agus páirtnéireacht den éifeachtúlacht a chothú

3.4 Forfheabhsú ar an gcomhar páirtnéireachta agus cónaidhme le geallsealbhóirí agus comhlachtaí seachtracha

Bíonn caidreamh ar siúl go leanúnach ag Music Generation an Longfoirt le hOifig Forbartha Náisiúnta Music Generation, Comhairle Chontae an Longfoirt, Éire Ildánach i gContae an Longfoirt, Seirbhísí Óige Contae an Longfoirt, Foróige, Coiste Cúram Leanaí Chontae an Longfoirt agus meithle Cultúir an Longfoirt.

Rinneadh cur i láthair maidir le Music Generation an Longfoirt, cláir, bearta forbartha agus tionscnaimh, le bord bainistíochta BOOLI i mí Márta; le Comhairle Chontae an Longfoirt i mí Márta agus mí Deireadh Fómhair agus le hOifig Forbartha Náisiúnta Music Generation i mí Bealtaine agus i mí na Samhna.

Spríoc 4: Struchtúr eagrúcháin den éifeachtúlacht a thabhairt chun cinn

4.3 Dea-ghnás rialachais a bhuanú ar fud BOOLI

Leanann Music Generation de chloí le polasaithe agus le prótacail BOOLI, treoirlínte sábháilteachta, grinnfhiosrú an Gharda agus polasaithe sábháilteachta agus cosanta maidir le Leanaí.

Chomh maith leis sin, chuaigh oifigeach forbartha Music Generation an Longfoirt faoi oiliúint Barnardos ar líne maidir le cosaint Leanaí agus faoi oiliúint maidir leis an Oifigeach Caidrimh Ainmnithe.

4.4 Páirt a ghlacadh i dtionscnaimh agus i bhfóraim náisiúnta

Oibríonn Music Generation an Longfoirt go dlúth le limistéir sheanbhunaithe de chuid Music Generation ar fud na tíre agus faigheann comhairle agus cúnamh taca uathu. Cuireann Music Generation an Longfoirt cúnamh taca ar fáil do na hoidí ceoil trí oiliúint ó shaineolaithe ar fud na tíre a chur ar fáil agus cuidítear leo páirt a ghlacadh i mbearta oiliúna náisiúnta arna n-eagrú ag Oifig Forbartha Náisiúnta Music Generation.

Tuarascáil 2020 maidir le Breisoideachas agus Oiliúint (BOO)

Sprioc 1: Seirbhísí oideachais agus oiliúna ar ardchaighdeán atá bunaithe ar an bhfoghlaim a chur ar fáil

1.1 Cairt na bhFoghlaim a leagan amach

Tugadh Cairt na bhFoghlaim BOOLI chun críche mar chuid den obair a rinne an tAonad Dearbhú Cáilíochta agus na Grúpaí Rialachais Dearbhú Cáilíochta. Tá cóip den chairt ar fáil ar láithreán gréasáin BOOLI faoin roinn maidir le Dearbhú Cáilíochta don Bhreisoideachas agus don Oiliúint. Cuireadh tús le taighde boird.

1.2 Straitéis Teagasc agus Foghlaim BOOLI a leagan amach

Tháinig deireadh le ré feidhme Straitéis Forbairt Ghairmiúil BOO 2017-2019 agus cuireadh próiseas comhairliúcháin le BOOLI ar bun maidir le straitéis nua a leagan amach don tréimhse 2020- 2024. Ghlac BOOLI páirt sa phróiseas comhairliúcháin agus tá Teagasc agus Foghlaim ar cheann de na príomhréimsí béime maidir leis an straitéis nua.

Tá Stiúrthóir BOO BOOLI ar Ghrúpa Stiúrtha Náisiúnta SOLAS maidir le Forbairt Ghairmiúil Leanúnach (FGL) dhaoine den fhoireann a fheidhmíonn in earnáil BOO. Beidh siad, i mbun an ról sin dóibh, ag cur leis an bplean FGL náisiúnta maidir le BOO a sonraítear ina leith go bhfuilteagasc agus foghlaim ar cheann den seacht réimse straitéiseach maidir leis an earnáil.

Tugadh Creatchóras BOOLI maidir le Forbairt Ghairmiúil BOO chun críche i rith na bliana 2020. Rinneadh iniúchadh ar mhaithe le riachtanais oiliúna a shonrú agus, chun cur leis sin, tugadh próiseas foirmeálta isteach i rith na bliana 2020 trínar féidir le gach duine den fhoireann iarratas a dhéanamh maidir le deiseanna don fhorbairt ghairmiúil. Cuireadh Plean FGL 2020 ar fáil. Leagadh amach bunachar sonraí i rith na bliana ar mhaithe le tuairisc a choinneáil ar an bhforbairt ghairmiúil (FG) a dhéanann baill foirne agus cuireadh an córas sin i bhfeidhm.

Shonraigh foireann bainistíochta BOO BOOLI agus na comhordaitheoirí BOO tionscadail TEC le haghaidh na bliana 2020 a raibh tairbhe astu maidir leis an Straitéis Teagasc agus Foghlaim agus lena ndéanfar leathnú agus forfheabhsú breise ar an straitéis teagasc agus foghlaim. Áirítear ar na tograí forfheabhsú ar na hardáin TEC, córas leathanbhanda ardluais a chur isteach, athrú go dtí córas néalríomhaireachta i roinnt de na hionaid BOO, forfheabhsú ar ríomhairí agus ar an trealamh a ghabhann leo ionas gur fearr an tréimhse foghlaim a chleachtann rannpháirtithe.

1.3 Pleanáil agus comhordú ar na cláir

Chuir Stiúrthóir BOO le Plean Seirbhíse 2020 BOOLI. Ón tráth ar aontaigh bord BOOLI an plean seirbhíse, bhí athbhreithniú leanúnach á dhéanamh ina leith ar feadh na bliana ag an lucht bainistíochta sinsearach. Mar chuid den phróiseas athbhreithniúcháin sin, tugadh tionscnaimh nua BOO chun suntais agus tugadh chun cinn iad de réir mar a rinneadh beart maidir le riachtanais na gcliant.

Rinneadh an obair ar fad maidir le teimpléid ILC (Iarratas ar Leithdháileadh Cistí) (ILC 1, 2, 3 agus 4) a thabhairt chun críche i rith na bliana 2020 agus iad a chur faoi bhráid SOLAS. Bhí an obair phleanála agus buiséidíochta maidir leis na cláir BOO ar fad san áireamh agus gá dá réirle trí cinn de thuairisceáin buiséid a chur chuig SOLAS.

Rinneadh athbhreithniú foirmeálta ar dhul chun cinn BOOLI maidir le Comhaontuithe Straitéiseacha Feidhmíochta SOLAS, ag SOLAS féin agus in éineacht le SOLAS, i ndeireadh na bliana 2019 agus níor tharla cruinniú na bliana 2020 mar gheall ar COVID-19. Tháinig an

tuairisc ar an dul chun cinn go dtí sin chuig BOOLI i rith na bliana 2020 agus bhí toradh maith i gceist maidir le gach ceann de na sé cinn de spriocanna atá leagtha síos.

1.4 Soláthar do Dhearbhu Cáilíochta (DC)

Lean an Grúpa Maoirseachta Cáilíochta (GMC) leis an ról maidir le treoir a chur ar fáil agus stiúir a chur faoin gcóras nua DC ag BOOLI. Tionóladh 16 cruinniú i rith na bliana.

Bhí ceithre cinn de chruinnithe ag an nGrúpa Rialú Cáilíochta (GRC) a lean leis an ról maidir le córas nua DC BOOLI a leagan amach.

Tugadh gnéithe den phlean forfheidhmiúcháin maidir le Caighdeán Nua QQI le haghaidh BOO taobh istigh de BOOLI chun críche i rith na bliana 2020. Cuireadh leis an bPlean Gníomhaíochta Feabhsú Cáilíochta agus le Plean Oibre maidir le Polasaithe agus Gnáis Oibre. Cuireadh grúpaí oibre ar bun i ndáil le spriocanna arna leagan amach ag an GRC.

Bhí ceithre cinn de chruinnithe ag an nGrúpa Rialú Cláir (GRC) agus leanadh leis an ról maidir le córas nua DC BOOLI a thabhairt chun cinn.

Tugadh gnéithe den phlean forfheidhmiúcháin maidir le Caighdeán Nua QQI le haghaidh BOO taobh istigh de BOOLI chun críche i rith na bliana 2020. Cuireadh leis an bPlean Gníomhaíochta Feabhsú Cáilíochta agus le Plean Oibre maidir le Polasaithe agus Gnáis Oibre. Cuireadh grúpaí oibre ar bun i ndáil le spriocanna arna leagan amach ag an GRC.

D'eagraigh QQI cruinniú athchaidrimh leis an Meitheal Cáilíochta agus leis an lucht bainistíochta i mí na Samhna d'fhonn an dul chun cinn maidir le spriocanna cáilíochta i rith na bliana 2020 a dheimhniú.

Bearta:

Cruthaíodh Meithle Aistriú Measúnachta le smaointe samplacha maidir le feidhmchláir a d'fhéadfaí a úsáid maidir le measúnóireacht. Bhí seisiúin teagaisc i gceist de réir mar ba chuí sin.

Tuairisc teagaisc ar líne maidir le Teimpléid Measúnóireachta

Seimineár Gréasáin i gcomhar dar teideal "Practical Guidance Modes of Assessment"

Seisiún maidir le hAthshamhlú ar Bhearta Measúnóireachta le sampla praiticiúla agus naisc cúnta

Tháinig athshamhlú dá thoradh sin ar na Meithle Aistriú Measúnachta agus Cúnamh Taca Measúnóireachta an t-ainm nua anois agus sin ar fáil ag an uile dhuine den fhoireann BOO.

1.5 Seifteanna den nuáil a thabhairt chun cinn maidir leis na riachtanais faoi láthair agus san am atá le theacht

Coinníodh leis an obair leanúnach d'fhonn an ceangal idir BOO agus lucht fiontraíochta/fostaíochta i gContae an Longfoirt agus i gContae na hIarmhí a chothú agus a chur chun cinn. Rinneadh athbhreithniú i rith na bliana 2020 ar an meitheal maidir le caidreamh le lucht fiontraíochta (CF) agus tabharfar atheagar i gcrích sa bhliain 2021 ionas gur féidir níos mó den chomhar a shaothrú. Cuireadh láithreán SharePoint CF ar bun agus beidh forfheabhsú breise á dhéanamh i rith na bliana 2021 ionas go bhfreastalaítear d'eolas a scaipeadh ar na comhaltaí ar fad. Faoi stiúir lucht bainistíochta BOO atá an fheidhm maidir le CF le cúnamh taca ó sheirbhísí éagsúla BOO agus roinnt Comhordaitheoirí. Rinneadh dul chun cinn maidir le ról faoi leith CF a chruthú in BOOLI i rith na bliana 2020 agus cuireadh sin ar bun i mí Meán Fómhair 2020.

Chuir BOOLI cláir ar fáil do dhaoine atá fostaithe agus ar mian leo chur lena gcuid scileanna i rith na bliana 2020 le clár dar teideal Scileanna don Dul chun Cinn. Cuireadh feachtas náisiúnta ar bun ar na meáin chumarsáide d'fhonn aird an phobail a tharraingt agus an deis a chur chun cinn i measc dhaoine atá fostaithe.

Cuireadh tús le clár eile i rith na bliana 2020 dar teideal Scileanna lomaíochta mar chuid de phacáiste Spreagtha mhí lúil agus tá sin ar fáil ag foghlaimeoirí anois

Tugadh cláir nua i gcrích i rith na bliana 2020 ar a n-áirítear na cláir seo a leanas:

Bearbóireacht
Ionad Measúnachta Cambridge English
Aitheantas d'Fhoghlaim Roimh Ré
Leictreachas agus Uathobriú In-ríomhchláraithe
Bainistíocht Gnó agus Margaíocht Dhigiteach
Galar Aicídeach a Chosc & a Smachtú
Bainistíocht Éifeachtúil ar Oibrithe Cianoibre
Treorú Turais Náisiúnta
Scileanna lomaíochta Leabharchoimeád don Ghnóthas Beag
Gnó Ar Líne a Chothú
COVID-19 - Earnáil na hÓstaíochta - Filleadh go Sábháilte ar an Ionad Oibre
Dearthóireacht Gairdíní - Cúrsa Tráthnóna
Cothabháil Gluaisteáin - Cúrsa Tráthnóna
Ceannaireacht agus Bainistíocht ILM - Scileanna don Dul Chun Cinn
Prince2
Scileanna lomaíochta Bunscoil TE
Cúrsaí Éagsúla CompTIA A+
Buneolas maidir le Córas Oibriúcháin Windows
Buneolas maidir le Líónraí
Modúil ILM

Cheangail BOOLI comhar páirtneireachta le dhá chomhlacht dámhachtana breise:

Ionad Scrúdaithe Cambridge English

Ionad Scrúdaithe maidir le cáilíochtaí Bearbóireachta le VTCT. Eagraíocht speisialta cáilíochtaí atá in VTCT maidir le cáilíochtaí gairmoideachais agus cáilíochtaí teicniúla in earnálacha éagsúla seirbhíse.

Sprioc 2: Forfheabhsú ar a dtaitheann an foghlaimeoir agus ar thoradh na foghlama

2.1 Aiseolas ón bhfoghlaimeoir agus ó na tuismitheoirí

Trí chóras bunaithe ar pheann agus páipéar a fhaightear aiseolas faoi láthair agus tugadh faoi fhiosrú dá bharr sin maidir le GMC, GRC agus GRC agus pléadh plean maidir le haiseolas a bhailiú ón bhfoghlaiméir a mbeadh lón eolais agus tairbhe eile as, maidir le hoideachas agus oiliúint ar fheabhas a chur ar fáil leis na seirbhísí FET, agus aontaíodh ar roinnt bealaí nua oibrea chur i bhfeidhm.

D'oibrigh BOOLI i gcomhar le AONTAS maidir le Fóram na bhfoghlaiméirí a chur ar bun don bhliain 2020 ach socraíodh, mar gheall ar chúrsaí COVID-19, sin a chur ar athráth go dtí tús na bliana 2021 agus a eagrú ar líne.

Eagraíodh Próiseas Pleanála bliantúil maidir le Meastóireacht agus Feabhsú i ngach ionad Ógtheagmháil de chuid BOOLI. Bhí aiseolas a fháil ón bhfoghlaiméir agus ó natuismitheoirí san áireamh mar chuid den phróiseas sin.

2.2 Foghlaim le Cuidiú TEC

Tugadh beart tagarmharcála chun críche sa bhliain 2017 chun tús a chur le Plean Gníomhaíochta maidir le Foghlaim le Cuidiú na Teicneolaíochta (FCT) a thabhairt chun cinn agus a chur i bhfeidhm agus rinneadh dul chun cinn maidir leis an obair sin i rith na bliana 2018. Sa bhliain 2019, cuireadh tuairisc faoin obair reatha maidir le FCT faoi bhráid SOLAS faoi na ceithre cheann-teideal seo a leanas:

- Infreastruchtúr TEC
- Forbairt Ghairmiúil Leanúnach
- Ábhar foghlama agus dearadh cláir
- An struchtúr eagrúcháin

I rith na bliana 2020, rinne an Comhordaitheoir FCT/FG Plean Gníomhaíochta FCT maidir le BOO a leagan amach faoi stiúir lucht bainistíochta BOO. Faoi phlean na bliana 2020, rinneadh infheistíocht mhór in Infreastruchtúr TEC agus i dtrealamh agus in áiseanna gaolmhara FCT don fhoghlaiméir agus don lucht foirne. Bhí deiseanna leanúnacha maidir le forbairt ghairmiúil leanúnach ar fáil don uile dhuine den fhoireann gach seachtain i rith na bliana 2020.

Tá ionadaí ag BOOLI ar Ghrúpa Gníomhaíochta FCT SOLAS go fóill agus leanfaidh mar sin. Rinne BOO acmhainní nua ar líne maidir le modúil áirithe a fhorbairt agus tá siad ar fáil ag an uile dhuine den fhoireann ar Teams agus ar Moodle. Leathnaíodh an úsáid as Moodle agus Teams i rith na bliana 2020 ionas go bhfuil sin ar fáil ag 90% den lucht foghlama.

2.3 Tuairisc a choinneáil agus a thabhairt ar thorthaí saothair

Rinneadh an úsáid as PLSS agus FARR, maidir le sonraí a chur isteach agus ábhar staitisticí maidir le foghlaiméirí BOO BOOLI a choinneáil agus a chur ar fáil, a thabhairt chun cinn agus bhí tairbhe as sin ag BOOLI, SOLAS, ROS agus ESF amháin i rith na bliana 2020 maidir leis na seirbhísí BOO ar fad. Is cor tábhachtach chun cinn seo ag earnáil na seirbhísí BOO ar fad in Éirinn agus cuirtear feabhas mór ar na sonraí atá ar fáil faoi thorthaí atá tairbheach ag na foghlaiméirí.

Bearta a bhaineann le tuairisc a choinneáil agus a thabhairt:

- Cuirtear tuairisc eolas bainistíochta maidir le líon na bhfoghlaiméirí, de réir réimse soláthair, ar fáil gach mí agus baineann lucht bainistíochta BOO tairbhe as sin ar mhaithe le cúrsaí pleanála
- Cuirtear tuairisc eolas bainistíochta maidir le buiséid, de réir réimse soláthair, ar fáil gach mí agus baineann lucht bainistíochta BOO tairbhe as sin ar mhaithe le cúrsaí pleanála
- I mí Meán Fómhair, d'fhreastail ceathrar den fhoireann ar oiliúint tableau d'fhonn leathnú arís leis an acmhainn sonraí a aimsiú agus eolas a chur i láthair i bhfoirm grafaice as córas bainistíochta eolais PLSS.
- Rinneadh bearta iniúchóireachta de chuid ESF i rith na bliana 2020 maidir le torthaí airgeadais agus neamhairgeadais BOO.

2.4 Feabhas ar áiseanna agus ar acmhainní

Tugadh athbhreithniú ar riocht fisiciúil gach ionad BOO chun críche agus cuireadh bearta feabhsúcháin in ord tábhachta. Sonraíodh na tionscadail a raibh infheistíocht caipitil de dhíth ina leith, cuireadh in ord tábhachta iad agus cuireadh iarratas ar chistíocht faoi bhráid SOLAS i rith na bliana 2020.

Bearta

- Lean BOOLI den chaidreamh le Comhairle Chontae na hIarmhí maidir le socrú páirtnéireachta chun cúnamh caipitil a aimsiú faoi Chiste Athbheochan agus Fhorbairt na Tuaithe. Táthar faoi láthair ag feitheamh le toradh an iarratais faoi chéim 2 maidir le céim na tógála de thionscadal Athbheochan agus Fhorbairt na Tuaithe a thabhairt chun tosaigh.
- Fuarthas cead pleanála maidir le hionad nua BOO atá beartaithe a chur ar fáil ar an Muileann gCearr.
- Tugadh an obair thógála maidir le síneadh a chur leis an bhfoirgneamh tógála ilscileanna in Ionad Oiliúna Bhaile Átha Luain chun críche i rith na bliana 2020.
- Tugadh an obair ar áis nua stórála in Ionad Oiliúna Bhaile Átha Luain chun críche.
- Aontaíodh i bprionsabail cistí caipitil le SOLAS maidir le Campas an Longfoirt a fhorbairt.
- Cuireadh isteach ar chistíocht caipitil faoin gciste maidir le hAistriú Cóir agus tá €1m ceadaithe go sealadach maidir le hathchóiriú ar fhoirgneamh ar champas an Longfoirt ionas gur féidir mol digiteach a chur ar bun.
- Ceadaíodh agus úsáideadh cistíocht €145,000 maidir le gléasanna foghlama a cheannach ionas go bhféadfaí leanúnachas foghlama a chinntiú i rith phaindéim COVID-19.

2.5 Forbairt Ghairmiúil/Meantóireacht Foirne

Leagadh amach Plean maidir le Forbairt Ghairmiúil (FG) BOO agus cuireadh na bearta a sonraíodh in iúl don uile dhuine den fhoireann.

Bearta:

Tá sonraí tiomsaithe ag comhordaitheoir FG BOOLI maidir leis na bearta FGL ar fad a rinneadh i rith na bliana 2020. Seo a leanas roinnt de na bearta sin:

- Sraith Deiseanna BOOLI maidir le foghlaim ar líne
- Cúrsaí Gairide
- Oiliúint shonrach le seisiúin aonair
- Seimineáir Gréasáin
- Cruthaíodh oiliúint ionduchtúcháin do bhaill foirne maidir le Covid i Nearpod
- Cruthaíodh pacáiste do mhúinteoirí gan cleachtadh ar fhoghlaim ar líne
- Microsoft Teams: Cúnamh taca Edtech maidir le TEAMS
- Moodle: láithreán cunta Edtech
- Cuireadh ardán ceangail Wriggle ar fáil don uile dhuine den fhoireann
- Gníomhaí Céadchabhrach
- Láimhseáil Shábháilte
- Ceannaire Oibrí Ionadaí

Rinneadh athbhreithniú ar Phlean FG 2020 agus tiocfaidh plean na bliana 2021 faoina anáil sin.

Sprioc 3: Cumarsáid, comharobair agus páirtnéireacht den éifeachtúlacht a chothú

3.1 An Straitéis TEC, lena n-áirítear struchtúr maidir le córais agus cláir a athúsáid

Shonraigh an mheitheal soláthair caipitil tionscadail éagsúla TEC maidir leis an mbliain 2020 d'fhonn cumarsáid, malartú eolais agus líonrú a thabhairt chun cinn go himheánach agus go seachtrach.

I mí Deireadh Fómhair agus i mí na Samhna 2019, bhí cruinnithe ag lucht bainistíochta BOO le seirbhísí taca TEC d'fhonn athbhreithniú a dhéanamh ar na gnéithe de na seirbhísí BOO agus ar na hionaid a raibh leagtha amach feabhas a chur orthu. Cuireadh an obair ar fad a bhí beartaithe a dhéanamh i rith na bliana 2020 i gcrích.

Bearta:

- Cuireadh teicneolaíocht néalríomhaireachta ar fáil in dhá ionad breise
- Cuireadh córas nua teileafóin ar fáil ar fud ionaid uile BOO
- Rinneadh infheistíocht €107,000 maidir le háiseanna comhdhála FCT ar fud fhoirgnimh uile BOO
- Cuireadh ballaí dóiteáin níos fearr isteach i gcúig cinn d'ionaid BOO

3.3 Meithle Comharoibre a Chruthú

Bearta:

- Leanadh leis an obair i ndáil le grúpaí foghlama maidir le hábhar faoi leith a chruthú le TEC de chuid Sheirbhísí BOO BOOLI i rith na bliana 2020 in éineacht le hÓgtheagmháil agus CTC ionas gur cruthaíodh bearta measúnóireachta nua QQI maidir leis an Matamaitic
- Threisigh na deiseanna FCT/FG a thapaigh teagascóirí, múinteoirí agus oidí le forbairt na ngrúpaí foghlama maidir le hábhar faoi leith
- Eagraíodh ceardlanna do Theagascóirí, do Mhúinteoirí agus d'oidí maidir le bearta measúnóireachta a leagan amach i ndáil le cáilíochtaí QQI
- Cuireadh na Socruithe Teagmhasacha mar gheall ar COVID-19 i ndáil le cáilíochtaí QQI i gcrích agus éilíodh dá réir sin:
- Seisiúin oiliúna (grúpaí agus seisiúin aonair)
- GMC Cruinnithe Rialachais agus Aontú Maoirseachta
- MS Teams - Tiles agus Cruinnithe
- Nuachóiriú agus Cúnamh Taca ar líne maidir leis an gcóras ríomhphoist
- Leasú teagmhasach i gcomhréir le QQI
- Comhlíonadh QQI agus Ráiteas Sealadach QQI
- BOOLI Tuarascáil Theagmhasach
- Cuireadh Grúpa Pleanála Caipitil BOO ilfheidhme ar bun
- Tionscnaíodh líonra áitiúil maidir le aistriú Fhoghlaiméoirí DEIS go dtí cúrsaí Breisoideachais agus Oiliúna
- Cuireadh tascfhórsa COVID-19 ar bun
- Cuireadh grúpa oibre agus painéal ceadaithe ar bun chun glacadh le hiarratais ar chistíocht ó ghrúpaí pobail maidir leis an gciste nua chun míbhuntáiste oideachais a mhaolú agus na hiarratais sin a phróiseáil

3.4 Forfheabhsú ar an gcomhar páirtnéireachta agus cónaidhme le geallsealbhóirí agus comhlachtaí seachtracha

Leanann BOO i mbun an chomhair le heagraíochtaí seachtracha trí rannpháirtíocht agus ionadaíocht a dhéanamh thar ceann BOOLI ar fhóiraim náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla.

Déanann BOOLI caidreamh le geallsealbhóirí agus gníomhaireachtaí chun cur leis na seirbhísí Breisoideachais agus Oiliúna don fhoghlaimeoir, agus tugtar san áireamh le samplaí den chineál sin an plé le hobair taighde agus pleanála a bhaineann le hEarnáil an Bhreisoideachais agus na hOiliúna atá ar siúl ag SOLAS, foinse cistíochta an Bhoird, agus ag eagraíochtaí eile. Áirítear ar shamplaí den chineál sin:

- SOLAS (QQI L3/4 Measúnú Cláir, Comhairliúchán maidir le Measúnú ar Sholáthraithe Oiliúna Saineolais, Straitéis FG BOO)
- Tionól Réigiúnach an Oirthir agus Lár Tíre (*Páipéar Mionteagaisc maidir le Cúrsaí Eacnamaíochta i Lár Tíre*)
- Grúpa Saineolais maidir le Riachtanas Scileanna Tógála san am atá romhainn
- BOOÉ (Bearta na hEarnála)
- ROS (Gléasanna agus ceangal Leathanbhanda a chur ar fáil d'Fhoghlaimeoirí agus do Bhaill Foirne)
- DEASP (bearta maidir le COVID-19)
- Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann (Taispeáint Oibrithe agus Socruithe Teagmhasacha)
- Páipéar sheasamh Earnáil na BOO maidir leis an aisling don Oideachas Tríú Leibhéal in Éirinn

Tá comhar páirtnéireachta agus socruithe cónaidhme curtha ar bun ag an Stiúrthóir Breisoideachais agus Oiliúna, ag bainisteoirí, Ceannairí agus baill foirne BOO le geallsealbhóirí agus le heagraíochtaí seachtracha chomh maith le beart a dhéanamh maidir le hiarratais ógheallsealbhóirí agus ó ghníomhaireachtaí i rith na bliana 2020. Is ceart a lua go dtarlaíonn idirchaidreamh den sórt seo go mion minic maidir leis an réimse seo.

Sprioc 4: Struchtúr eagrúcháin den éifeachtúlacht a thabhairt chun cinn

4.2 Cur chuige a thabhairt chun cinn lena gcothaítear acmhainneacht maidir le bainistiú athraithe

Leanann BOOLI den chaidreamh leis an lucht foirne maidir le bainistíocht faoi chúrsaí athraithe. Tá cuid mhór athraithe tagtha ar earnáil BOO i rith na bliana 2020 le hathrú tobann go dtí foghlaim mheasctha agus foghlaim ar líne mar mhodh cur i láthair ag roinnt den fhoireann. Rinneadh bainistíocht ina leith sin trí acamhinneacht a chothú i measc cheannairí agus bhainisteoirí BOO le FG a thairiscint. Áirítear ar na bearta cunta eile, ardú ar líon na gcruinnithe ar líne le hiomlán na foirne agus cuairteanna ar na hionaid nuair a athosclaíodh iad.

Cuireadh go sásúil le cásanna gnó ar son rólanna nua a bhunú in ionad rólanna áirithe de chuid BOO. Seoladh feachtais earcaíochta agus earcaíodh baill foirne i rith na bliana 2020.

4.3 Dea-ghnás rialachais a bhuanú ar fud BOOLI

Lean lucht bainistíochta BOO ag obair le fóram DOSD chun polasaithe agus gnáis chuí Sláinte agus Sábháilteachta a leagan amach sa bhliain 2020.

Eagraíodh cruinnithe lucht bainistíochta, lucht ceannaireachta agus lucht foirne BOO go rialta i rith na bliana 2020 agus bíonn na coinníollacha agus na cúraimí maidir le rialachas corparáide ar chlár na gcruinnithe ar fad.

Cuireadh feabhas ar chlár bainistíochta baoil agus rinneadh athbhreithniú orthu.

4.4 Páirt a ghlacadh i dtionscnaimh agus i bhfóiraim náisiúnta

D'fhreastail lucht bainistíochta, ceannairí agus baill foirne BOO comhdhálacha BOO, laethanta eolais SOLAS agus tuairiscí maidir le BOO d'fhonn ionadaíocht BOOLI ag ócáidí dá sórt a chinntiú.

Lean BOOLI de pháirt ghníomhach a ghlacadh i ngach eagraíocht, gníomhaireacht agus geallsealbhóir áitiúil agus náisiúnta a bhaineann le hábhar agus in imeachtaí éagsúla a chuir BOOLI ar bun nó ar tugadh cuireadh do BOOLI freastal orthu i rith na bliana 2020.

Bearta:

Bhí baill foirne BOO i láthair ag cruinnithe ilghníomhaireachtaí ceangailte le COVID-19 i ndáil le cúrsaí Breisoideachais agus Oiliúna le DEASP, IDA, EI, LEOs, Fóram Réigiúnach Scileanna, SOLAS, DES agus BOOÉ

Sprioc 5: Cultúr maidir le forbairt leanúnach a chothú leis an lucht foirne

5.1 Straitéis FG do BOOLI

I rith na bliana 2020, tugadh an obair chun críche ar theimpléad pleanála maidir le FG a tugadh chun cinn agus a aontaíodh in éineacht le SOLAS. Sonraíodh i bplean bliantúil BOOLI maidir le FG na réimsí príomhthábhachta forbartha agus cuireann an plean le Straitéis SOLAS maidir le Forbairt Ghairmiúil 2020-2024.

Chuir BOOLI cúnamh taca ar fáil go leanúnach do bhainisteoirí, do cheannairí agus do bhaill foirne le meantóireacht shaindirithe agus le FG.

Bíonn meantóireacht ar dhaoine den fhoireann ag bainisteoirí BOO ar siúl an t-am ar fad.

Tá ionadaí ainmnithe ag BOOLI ar Líonra FG BOOÉ a ghlacann páirt san obair sin ar mhaithe leis an gclár oibre FG do BOO a chur chun cinn.

Rinneadh athbhreithniú ar an bplean FG 2020 i gcomórtas leis an oiliúint a cuireadh ar fáil agus tiocfaidh plean na bliana 2021 faoi anáil an athbhreithnithe sin.

5.2 Meithle ilfheidhme a thabhairt chun cinn d'fhonn cultúr na nuálaíochta a chothú

Rinne BOOLI deiseanna a mheas maidir le meithle ilfheidhme nua a chruthú agus eagraíochtaí seachtracha á dtabhairt san áireamh.

Bearta:

- Trí obair thrí cinn de ghrúpaí rialála DC i rith na bliana 2020, tharla meithle éagsúla ilfheidhme a chruthú agus déanfar forbairt agus leathnú breise ina leith sin arís i rith na bliana 2021
- Comhar oibre idir Treoir agus Earcaíocht BOO maidir le foghlaimoirí uile BOO
- Tá leas á bhaint ag an gComhordaitheoir maidir le Caidreamh leis an Lucht Fiontraíochta as meithle ilfheidhme a bhunú
- Cuireadh tús le próiseas pleanála gnó don bhliain 2021 leis na comhordaitheoirí ar fad a chuireann seirbhísí taca ar fáil d'fhoghlaimoirí agus do bhaill foirne ar fud BOO d'fhonn comhar breise ar fud BOO a chur ar bun.

Tuarascáil 2020 Tacaíocht agus Forbairt Eagrúcháin (TFE)

Tá Tacaíocht agus Forbairt Eagrúcháin dírithe ar na seirbhísí sin nach mbaineann leis an bhfoghlaim a chur ar fáil a bhfuil bunghá leo ionas gur féidir leis an lucht oideachais agus oiliúna díriú ar an bhfónamh a dhéantar go díreach don fhoghlaimeoir lena chinntiú go dtarlaíonn beartaíocht foghlama ar ardchaighdeán acu. Baill foirne túslíne a dhéanann na seirbhísí a chur ar fáil, eadhon, rúnaithe scoile agus an fhoireann riaracháin in ionaid breisoideachais agus oiliúna agus sna hoifigí riaracháin i mBaile Átha Luain, sa Longfort agus sa Cheannoifig ar an Muileann gCearr. Bíonn an lucht riaracháin sna hoifigí sin ceangailte le feidhmeanna faoi leith maidir le cúrsaí Airgeadais, Acmhainní Daonna, Rialachas Corparáide agus Seirbhísí, Bainistíocht TEC, Soláthar, Párolla, Bainistíocht Laethanta Saoire agus réimsí eile de réir mar is gá.

Leagtar réimse fairsing cúraimí fairsinge ar gach ceann de na réimsí sin agus a bhfuil riachtanas leo maidir lena chinntiú go gcomhlíonann an eagraíocht na coinníollacha i ndáil le rialachas corparáide an tráth céanna a sásaítear na coinníollacha faoi réimse fairsing reachtaíochta a thagann i bhfeidhm ar an eagraíocht.

Sprioc 1: Seirbhísí oideachais agus oiliúna ar ardchaighdeán atá bunaithe ar an bhfoghlaim a chur ar fáil

1.3 Pleanáil agus comhordú ar na cláir

D'aontaigh an Bord Plean Seirbhíse 2020 i mí Feabhra 2020.

Rinneadh forfheabhsú maidir leis an gClár Maoine agus tá sin i bhfeidhm anois agus sonraí luaite air faoin uile cheann d'áitribh BOOLI.

Tá Ráiteas Sábháilteachta curtha le chéile agus sin á thabhairt i bhfeidhm anois sna hionaid ar fad.

Tá seacht gcinn de chreachórais llsoláthraithe i bhfeidhm faoin tráth seo, an ceann is deireanaí maidir le páipéir bréagscrúduithe agus marcáil na bpáipéar sin.

Tá dul chun cinn mór déanta maidir le lón staitisticí a thiomsú a bhaineann leis an uile foirgneamh, maidir le líon na ndaoine i ngach scoil agus leis na hábhair.

2.4 Feabhas ar áiseanna agus ar acmhainní

Rinneadh suirbhéireacht ar chúrsaí meicniúla agus leictreachais i ngach ceann de na scoileanna agus de na hionaid.

Tá an Tairiscint maidir le Méadracht Chliste tugtha i gcrích agus an tarraingt anuas ar siúl faoi láthair. Beidh curtha i gcrích faoi mhí Eanáir 2021.

Tháinig forás mór faoi thogra Choláiste Pobail Bhaile na gCros i mí Bealtaine nuair a tugadh ocht gcinn de sheomraí ranga breise i gceist agus cuireadh athrú mór ar na pleananna don scoil dá bharr sin. Tá ceithre cinn de sheomraí ranga sealadacha curtha isteach ar an suíomh chun freastal don ardú ar líon na ndaltaí go dtí go dtugtar an obair ar an bpríomhthogra chun cinn.

Cheap an Roinn BOOLI ina Fheidhmeannacht Tionscadail maidir leis an nGaelscoil sa Longfort agus tá Meitheal Dearthóireachta ceaptha ó shin. Tá an obair ar an togra maidir le scoil dhá sheomra ranga déag a thógáil ag dul ar aghaidh de réir an tráthchláir.

Cheap an Roinn BOOLI ina Fheidhmeannacht Tionscadail maidir le Scoil Náisiúnta Naomh Seosamh.

Sprioc 3: Cumarsáid, comharobair agus páirtnéireacht den éifeachtúlacht a chothú

3.1 An Straitéis TEC, lena n-áirítear struchtúr maidir le córais agus cláir a athúsáid

Rinne gach brainse Plean Leanúnachas Gnó a leagan amach i gcomhthéacs COVID-19. Beidh Pleananna Leanúnachas Gnó maidir le teagmhais eile á réiteach a luaith a bhíonn deireadh leis an bpaindéim. I gcúinsí na linne, bhí na brainsí ar fad ag cruthú go maith agus na spriocanna ar fad á sárú acu.

Cuireadh gach íocaíocht párolla, íocaíocht le creidiúnaithe agus íocaíocht Taistil agus Cothabhála i gcrích in am tráth agus coinnítear leis sin mar ghnás oibre.

D'fhág an phaindéim go rabhthas ag brath go mór ar an gcóras TEC agus, le bearta áirithe forfheabhsúcháin ar an gcóras TEC, b'fhéidir dul i mbun cianfhoghlama go sásúil. Aistríodh párolla na bPrintiseach ón gcóras TAPS go dtí córas nua Íocaíochtaí le Foghlaimoirí i mí Márta.

Cuireadh ríomhaire glúine ar fáil don uile dhuine den fhoireann TFE a raibh a leithéid de dhíth orthu agus coinníodh an obair ar bun ar bhonn cianda. Aistríodh an córas Párolla Megapay go dtí córas néalríomhaireachta agus socraíodh údarás maidir le ceangal i gcéin leis an gCóras Airgeadais.

Cuireadh córas AD CORE i bhfeidhm i mí Iúil agus bhí an clár maoine i bhfeidhm faoi mhí Meán Fómhair. Aistríodh párolla na nOiliúnóirí ón gcóras TAPS i mí Lúnasa 2020, rud a d'fhág gurbh fhéidir deireadh a chur leis an gcóras TAPS.

Rinneadh Córas Airgeadais Sun a fhorfheabhsú i rith an tríú ráithe agus an ceathrú ráithe.

3.2 Straitéis Cumarsáide a thabhairt chun cinn

Aontaíodh an Polasaí Cumarsáide i mí Deireadh Fómhair 2020. Tá an Tuarascáil Bhliantúil á hullmhú faoi láthair.

3.3 Meithle Comharoibre a Chruthú

Choinnigh Tascfhoireann COVID-19 cumarsáid ar bun go seasta leanúnach leis an bhfoireann maidir le cúrsaí Sláinte agus Sábháilteachta de réir mar a lean an phaindéim ar aghaidh, de réir mar a bhíodhas i mbun cianoibre amach go dtí an samhradh, nuair a thángthas ar ais chuig an oifig de réir a chéile, agus nuair a hathosclaíodh na scoileanna agus na hionaid éagsúla, cuireadh an lucht foirne ar an eolas faoi na bearta riachtanacha chun oibriú go sábháilte. Bhí sin i gceist maidir le baill foirne i ngach brainse den eagraíocht.

Tá leasú déanta ar an lámhleabhar oibre mar gheall ar an athrú ar ghnáis oibre atá de dhíth mar gheall ar an réimeas cianoibre.

Mar a chéile leis na brainsí ar fad, bhí ar an mbrainse GDPR dul in oiriúint don chianobair agus cuireadh nuachtlitreacha agus bileoga eolais ar fáil don fhoireann d'fhonn cuidiú leo oibriú faoin réimeas nua.

Tugadh aistriú phárolla BOOLI go dtí Comhsheirbhís Párolla ESBS chun críche i mí Iúil 2020. Tá obair ullmhúcháin ar bun ag BOOLI maidir le fuilleach na modúl a bhaineann le tuairisc a choinneáil ar bhaill foirne a bheith as láthair agus le Taisteal agus Cothabháil ionas gur féidir iad a chur i bhfeidhm i rith an chéad ráithe den bhliain 2021.

Sprioc 4: Struchtúr eagrúcháin den éifeachtúlacht a thabhairt chun cinn

4.1 Forbairt ar an struchtúr eagrúcháin a thabhairt chun cinn

Tá dul chun cinn suntasach déanta maidir leis na struchtúir soláthair agus creatchórais breise ilsoláthraithe i bhfeidhm faoin tráth seo. Tá an córas trína gcoinnítear tuairisc ar chomórtais soláthair reatha agus ar chomórtais beartaithe curtha ar bhonn foirmeálta agus tá monatóireacht ghníomhach á déanamh anois ar chonarthaí.

Tá forfheabhsú an chóras P2P curtha i gcrích agus an obair ar na hiarratais maidir le hábhar ranga ar siúl faoi láthair.

Ullmhaíodh plean Acmhainní Daonna maidir le AD iarthogra agus beidh sin á chur i bhfeidhm i dtús na bliana seo chugainn.

4.2 Cur chuige a thabhairt chun cinn lena gcothaítear acmhainneacht maidir le bainistiú athraithe

Cuireadh deiseanna éagsúla maidir le feabhsú scileanna ar fáil don lucht foirne sna ranna TFE uile agus díriodh ar réimsí a bheadh oiriúnach maidir le leas breise a bhaint as an gcóras nua forfheabhsaithe maidir le seirbhísí Párola i gcomhar agus córais forfheabhsaithe Sun Financial. Chláraigh níos mó ná sé dhuine is fiche den fhoireann ar 43 cúrsa agus tá níos mó ná 30 cúrsa acu sin tugtha chun críche.

4.3 Dea-ghnás rialachais a bhuanú ar fud BOOLI

Tá athrú suntasach ar chúrsaí Bainistíochta Baoil mar gheall ar an bpaindéim faoi láthair. Tá Bainistíocht Baoil i gceist le cinntí oibriúcháin mar gheall ar chás eisceachtúil na linne seo. Fágann líon na gcruinnithe agus na nglanna cúnta ar Microsoft Teams go raibh ar bhaill foirne dul i gcleachtadh réimsí den chineál sin gan mhoill agus bhí gá dul i ngleic go leanúnach le cúrsaí GDPR agus Sláinte agus Sábháilteachta. Tá an rath a bhíonn ar an bhfóram seo maidir le heolas a bhabhtáil ag brath go mór ar an gcóras TEC. Is féidir, ar bhealaí áirithe, an acmhainn feidhmiú ar bhonn cianoibre nuair ba ghá a cur i leith a raibh de bhéim againn ar Bhainistíocht Baoil le tamall de bhlianta anuas.

D'oibrigh an Plean Beartaíochta Gnó maidir le COVID-19 agus an tascghrúpa agus na prótacail COVID-19 a bhí ceangailte leis sin, agus iad a bheith ar fáil mar chuid de SharePoint, go rí-éifeachtúil i ndáil lena chinntiú go mbeadh toradh éifeachtúil ar chúrsaí rialachais maidir leis an bpaindéim.

4.4 Páirt a ghlacadh i dtionscnaimh agus i bhfóiraim náisiúnta

Is ar líne a rinneadh an caidreamh le BOOÉ agus le fóiraim náisiúnta eile ó cuireadh dianghlasáil i bhfeidhm i rith na paindéime. Tá curtha go mór le dlús an chaidrimh ar líne dá thoradh sin agus fócas níos géire ag baint le cruinnithe.

Rinneadh faisnéis de chuid BOOÉ a scaipeadh i bhformáidí éagsúla ar bhaill na foirne de réir mar ba chúí.

Leanadh leis an gcaidreamh le ESBS maidir le seirbhísí Párola agus seirbhísí Airgeadais i gcomhar agus tugadh an dá thionscadal i gcrích maidir le BOOLI.

Tá togra píolótach maidir le Méadair Chliste á mheas ag SEAI d'fhonn modh oibre nua den rath a leagan amach maidir le tionscnaimh chun ídiú fuinnimh a mhaolú.

Spríoc 5: Cultúr maidir le forbairt leanúnach a chothú leis an lucht foirne

5.1 Straitéis FGL BOOLI

Rinneadh athbhreithniú le foireann TFE maidir le riachtanais FGL agus chláraigh níos mó ná tríocha ball foirne ar líon is mó ná ceathracha cúig cúrsa ar líne atá dírithe ar fhorbairt phearsanta agus ar fhorbairt scileanna a bhfuil gá leo sa timpeallacht nua TEC.

5.2 Meithle ilfheidhme a thabhairt chun cinn d'fhonn cultúr na nuálaíochta a chothú

Trí phríomhcholún a bhain le tograí na bliana 2020, eadhon, Seirbhís Párolla i gComhar, forfheabhsú an chóras SUN Financial Systems agus leanúint le feidhmchláir Ábhar Ranga a thabhairt i bhfeidhm.

Tá na tograí colúin sin tugtha i gcrích faoin tráth seo agus gach sraith den fhoireann, na Stiúrthóirí agus baill foirne sa Bhainse Airgeadais, Acmhainní Daonna, Párolla, na Príomhoidí, Ceannasaithe Ionaid, múinteoirí ábhair agus rúnaithe san áireamh.

Cuirfidh toradh an tsaothair maidir leis na tionscnaimh seo go mór le cúrsaí rialachais chomh maith le caomhchóiriú a thabhairt ar na próisis oibre de réir mar a thagann siad i bhfeidhm go hiomlán.

Ráitis Airgeadais 2020

Tugtar chun aire go dtagann Ráiteas Oibriúcháin BOOLI maidir leis an mbliain dar críoch an 31 Nollaig 2020 faoi réir iniúchadh arna dhéanamh ag an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus gur amhlaidh sin le tabhairt i gcrích go fóill tráth a bhfuil Tuarascáil Bhliantúil BOOLI na bliana 2020 á foilsiú. Déanfaidh BOOLI na ráitis airgeadais iniúchta a fhoilsiú laistigh d'aon mhí amháin ó dhéantar iad a chur faoi bhráid Thithe an Oireachtais agus iad a cheadú ag Tithe an Oireachtais.

Déanann Bord BOOLI maoirseacht go gníomhach ar an mbainistíocht i ndáil le cúrsaí baoil agus deimhnítear go ndearnadh measúnóireacht maidir leis na príomhréimsí baoil agus na bearta maolúcháin atá ceangailte leo sin agus athbhreithniú ar éifeachtúlachta na mbearta maolúcháin i rith na bliana 2020. Déanann an Bord bainistíocht ar chúrsaí baoil trí chlár eagraithe oibre don chúram sin san eagraíocht. Cuidíonn an Coiste Iniúcháireachta agus Baoil leis an mBord i mbun an chúram maidir bainistíochta maidir le réimsí baoil. Braitheann an Bord chomh maith ar an Aonad Iniúcháireachta Inmheánach agus ar thuairiscí an aonaid sin, ar iniúchadh bliantúil a dhéanann an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus ar aon iniúchadh seachtrach a dhéantar, mar shampla iniúchadh ESF agus/nó iniúchadh arna dhéanamh ag na Coimisinéirí Ioncaim. Anuas aran méid sin, déantar athbhreithniú bliantúil ar an gCóras Rialála Inmheánach.

Baineann na príomhréimsí baoil a sonraíodh ag deireadh na bliana 2020 le Leanúnachas Gnó agus Athshlánú ó Thubaiste, ganntanas múinteoirí ionaid, Soláthar GDPR, Pinsin, scála agus líon na dtograí leanúnacha, gan struchtúr foirne aontaithe a bheith ag an eagraíocht, an t-ardú atá ag teacht faoi láthair ar líon agus ar chastacht choinníollacha na Roinne maidir le tuairiscí agus chomh géar agus atá na tráthanna oibre ina leith, agus an obair a choinneáil ar siúl nuair atá na hacmhainní airgid thar a bheith srianta faoi láthair.

Leagtar de chúram ar Bhord BOOLI an Tuarascáil Bhliantúil seo agus na Ráitis Airgeadais don bhliain 2020 a ullmhú. Leagtar amach thíos an bunús atá leis na ráitis airgeadais. Déanann an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste iniúchadh ar na Ráitis Airgeadais Bhliantúla. Tá an Bord den tuairim, bunaithe ar an eolas a chuirtear faoinár mbráid, gur léiriú ar riocht ghnóthaí BOOLI an Tuarascáil Bhliantúil seo.

Tá Ráitis Airgeadais Bhliantúla BOOLI don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig faoi réir iniúchta ag Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (C&AG) an t-am céanna a fhoilsítear *Tuarascáil Bhliantúil 2020*. Foilseoidh BOOLI na Ráitis Airgeadais iniúchta laistigh de mhí amháin ón dáta a bhfaightear iad ó C&AG.

Áireofar sonraí airgeadais maidir leis an méid seo a leanas sa Ráiteas Airgeadais Bliantúil:

- Táillí nach mbaineann le tuarastal a íocadh i ndáil le comhaltaí Coistí;
- Tuarastail agus sochair ghearrthéarmacha d'fhostaithe;
- Sochair iarfhostaithe;
- Sochair Foirceanta;
- Luach Saothair Bhaill Príomhthábhachta na Bainistíochta, más ann dó;
- Líon na bhfostaithe a raibh iomlán a gcuid sochair fostaíochta idir €0 agus €59,999;
- Líon na bhfostaithe a raibh iomlán a gcuid sochair fostaíochta idir €60,000 agus €69,999 agus idir gach banna pá €10,000; agus
- An tsuim fhoriomlán ar ranníocaíochtaí pinsin an fhostóra.

Deimhníonn BOOLI gur glacadh leis an gCód Cleachtais maidir le Boird Oideachais agus Oiliúna a Rialú 2019 go bhfuiltear ag cloí lena n-éilítear faoin gcód sin faoi láthair maidir le gach gnás oibre agus nós imeachta rialachais.

Deimhníonn Cathaoirleach an Bhoird go gcloíonn an eagraíocht leis na gnéithe den Chód Caiteachais Phoiblí a thagann san áireamh.

Deimhníonn Cathaoirleach an Bhoird go ndearna BOOLI gach dualgas faoin dlí cánachais a chomhlíonadh.

Deimhníonn Cathaoirleach an Bhoird gur cloíodh leis an bpolasaí soláthair agus leis na gnáis soláthair chuí agus go ndearnadh Plean Soláthair na Corparáide a leagan amach agus a chur i bhfeidhm.

Deimhníonn an Bord go ndearnadh athbhreithniú ar a éifeachtúlacht atá an córas rialála inmheánach agus go bhfuil an Ráiteas faoin Rialáil Inmheánach, atá faoi réir ag a leasú go dtí go dtugtar an iniúcháireachtsheachtrach chun críche, isteach leis na Ráitis Airgeadais Bhliantúla don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2020, a dhéanfar a fhoilsiú laistigh d'aon mhí amháin ó thagann siad ó Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste, agus ina aguisín le Tuarascáil Chuimsitheach an Chathaoirligh a cuireadh faoi bhráid an Aire.

Is ar an mbunús seo a leanas dhéantar na Ráitis Airgeadais a ullmhú.

1. Bunú an Bhoird Oideachais agus Oiliúna

Bunaíodh Bord Oideachais agus Oiliúna an Longfoirt agus na hIarmhí an 1 Iúil 2013 agus leagtar amach feidhmeanna an Bhoird in alt 10 den Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna 2013.

2. Polasaithe Cuntasaíochta Tábhachtacha

(a) Bunús Luaite

Déantar na ráitis airgeadais a chur i láthair i bhfoirm arna ceadú ag an Aire Oideachais agus Scileanna le toiliú an Aire Airgeadais agus an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Is é a bhaineann leo Ráiteas faoi na Polasaithe Cuntasaíochta, Ráiteas Oibriúcháin, Ráiteas maidir le Sócmhainní agus Dlíteanais Reatha agus nótaí leis na ráitis airgeadais.

Nuair is gá sin, déantar na figiúirí inchomórtais maidir leis an mbliain roimh ré a athlua ar an mbunús céanna figiúirí na bliana reatha.

(b) Bunús Ullmhúcháin

Luaitear Fáiltais agus Íocaíochtaí sa Ráiteas Oibriúcháin de réir Ghrúpaí Clár agus déantar an Barrachas / (Easnamh) Airgid Thirim dá dtoradh sin a choigeartú de réir ghluaiseachtaí eile maidir le féichiúnaithe agus creidiúnaithe ionas go ndéantar an toradh foriomlán maidir leis an tréimhse a ríomh ar bhonn fabhráithe.

Déantar an Ráiteas maidir le Sócmhainní agus Dlíteanais Reatha a ullmhú ar bhonn fabhráithe trí iarmhéideanna maidir le deontas stáit agus maoiniú eile a lua de réir suimeanna atá ina léiriú ar an gcaiteachas iarmhír lena mbaineann agus i gcomhréir leis na rialacha cistíochta.

Tugtar Féichiúnaithe Tríú Páirtí san áireamh leis na Sócmhainní Reatha. Tugtar Dlíteanais Pá agus Caiteachais san áireamh leis na Dlíteanais Reatha

(c) Sócmhainní Seasta Inláimhsithe

Cláraítear gach sócmhainn a cheannaítear, lena n-áirítear talamh agus foirgnimh, fearas agus feisteas agus trealamh oiliúna, mar chostas an bhliain ina ndéantar an ceannach. Luaitear deontais Stáit chun sócmhainní seasta inláimhsithe a cheannach an bhliain chéanna sin.

(d) Stoc

Déantar gach cuid den stoc inchaite a lua de réir mar a dhéantar a cheannach.

(e) Cúrsaí Aoisliúntais

Tagann dlíteanas pinsin bhaill foirne BOOLI, lena n-áirítear daoine a d'aistrigh ó SOLAS, faoi scéimeanna sochair shainithe. Tagann baill foirne a thosaigh ar a gcuid fostaíochta ón mbliain 2013 i leith faoi Aon Scéim Pinsin na Seirbhíse Poiblí agus déantar íocaíochtaí in aghaidh na míosa leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Déanann BOOLI asbhaint aoisliúntais as pá na bhfostaithe i ndáil leis na scéimeanna agus coimeádtar sin mar chuid den mhaoiniú comhaontaithe as an Stáitchiste, nó déantar a íoc leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Ní dhéanann BOOLI aon ranníoc pinsin leis na scéimeanna.

Ar bhonn íoc mar a thuilltear a oibrítear na scéimeanna neamhchistíochta seo agus íocann Oifig Náisiúnta na Seirbhísí Comhroinnte na teidlíochtaí bliantúla pinsin go díreach thar ceann BOOLI. Tá na Boird Oideachais agus Oiliúna freagrach as a gcuid pinsean a riar. An Roinn Oideachais agus Scileanna a chuireann na cistí pinsin ar fáil.

Ní dhéantar soláthar sna ráitis airgeadais don chostas reatha maidir le sochair san am atá le teacht atá á bhfabhrú do bhaill foirne agus do na pinsinéirí reatha faoi na scéimeanna.

(f) Cíos Léasa

Luaitear gach cíos léasa de réir mar a thabhaítear.

Aguisín

Comhaltaí Boird BOOLI Freastal ar Chruinnithe Ean - Nollaig 2020

Dátaí na gCruinnithe	20 Ean	17 Feabh	9 Márta	26 Bealt	17 Lún	21 M. F.	13 D. F.	10 Samhain	
				Cian-chruinniú	Cian-chruinniú	Ní raibh Córam i láthair	Cian-chruinniú	Cian-chruinniú	
Luke Casserly	I láthair	Leithscéal	I láthair	I láthair	I láthair		I láthair	I láthair	6/7
Donie Cassidy	I láthair	I láthair	I láthair	I láthair	Leithscéal		Leithscéal	I láthair	5/7
An Comh. Aoife Davitt	As láthair	I láthair	I láthair	I láthair	I láthair		I láthair	I láthair	6/7
An Comh. John Dolan	I láthair	I láthair	I láthair	I láthair	Leithscéal		I láthair	I láthair	6/7
An Comh. Michael Dollard	I láthair	I láthair	Leithscéal	Leithscéal	Leithscéal		Leithscéal	Leithscéal	2/7
Josephine Donohue	I láthair	Leithscéal	Leithscéal	I láthair	I láthair		Leithscéal	Leithscéal	3/7
Niamh Ginnell	I láthair	I láthair	I láthair	I láthair	I láthair		I láthair	I láthair	7/7
An Comh. Ken Glynn	Leithscéal	I láthair	I láthair	I láthair	Leithscéal		Leithscéal	As láthair	3/7
An Comh. Gerry Hagan	As láthair	I láthair	I láthair	I láthair	I láthair		As láthair	I láthair	5/7
Colm Harte	I láthair	I láthair	I láthair	I láthair	I láthair		I láthair	I láthair	7/7
An Comh. Louise Heavin	I láthair	I láthair	I láthair	I láthair	I láthair		I láthair	I láthair	7/7
An Comh. Frankie Keena	I láthair	I láthair	I láthair	I láthair	I láthair		I láthair	I láthair	7/7
An Comh. Denis Leonard	I láthair	I láthair	I láthair	I láthair	I láthair		Leithscéal	I láthair	6/7
Kathleen McGahern	I láthair	Leithscéal	I láthair	As láthair	I láthair		I láthair	I láthair	5/7
Mark Murphy	I láthair	I láthair	I láthair	I láthair	Leithscéal		I láthair	I láthair	6/7
An Comh. Garry Murtagh	I láthair	I láthair	I láthair	As láthair	I láthair		I láthair	I láthair	6/7
An Comh. Peggy Nolan	I láthair	I láthair	Leithscéal	I láthair	Leithscéal		I láthair	Leithscéal	4/7
Mary O'Brien	I láthair	I láthair	I láthair	I láthair	I láthair		I láthair	I láthair	7/7
An Comh. Pat O'Toole	I láthair	I láthair	I láthair	I láthair	I láthair		I láthair	I láthair	7/7
Emily Wallace	As láthair	Leithscéal	I láthair	As láthair	Leithscéal		As láthair	As láthair	1/7
Colin Whyte	I láthair	I láthair	I láthair	I láthair	I láthair		I láthair	I láthair	7/7

Aguisín 2

An Coiste Iniúchóireachta & Baoil Freastal ar Chruinnithe Ean – Nollaig 2020

Dáta	6 Ean.	27 Ean.	7 Feabh.	24 Aib	25 M. Fómh.
Comhalta				Cianchruinniú	Ar aon láthair
Donie Cassidy Uas.	I láthair	Leithscéal	Leithscéal	Leithscéal	Leithscéal
John Duffy Uas.	I láthair	I láthair	I láthair	I láthair	I láthair
An Comh. Gerry Hagan	Leithscéal	Leithscéal	I láthair	Leithscéal	Leithscéal
Kathleen McGahern Uas.	I láthair	I láthair	I láthair	Leithscéal	I láthair
Pat O'Rourke Uas.	I láthair	I láthair	I láthair	I láthair	I láthair
Gerard Quirke Uas.	I láthair	I láthair	I láthair	I láthair	I láthair

An Coiste Airgeadais: Freastal ar Chruinnithe Ean - Nollaig 2020

Dánta	3 Feabh.	3 Már.	13 D. Fómh.	27 Samhain
Comhalta			Cianchruinniú	Cianchruinniú
An Comh. Michael Dollard	I láthair	I láthair	Leithscéal	Leithscéal
An Comh. John Dolan	I láthair	I láthair	I láthair	I láthair
John Duffy Uas.	I láthair	I láthair	I láthair	I láthair
Hugh Farrell Uas.	I láthair	I láthair	I láthair	I láthair
An Comh. Pat O'Toole	I láthair	I láthair	I láthair	I láthair
Ann Nugent Uas.	Leithscéal	I láthair	I láthair	I láthair



**An Roinn Oideachais
agus Scileanna**
Department of
Education and Skills

Tionscadail arna dtacú i bpáirt ag Rialtas na hÉireann agus ag Ciste Sóisialta na hEorpa mar chuid de Chlár CSE um Infhostaitheacht, Cuimsiú agus Foghlaim 2014-2020.

